






**etb**

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall

*Donegal Education and*
*Training Board*

# 2013 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL









# Ábhair


**Réamhrá** 3

1.1 Ráiteas Físe agus Misin
1.2 Réamhrá ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
1.3 Forbhreathnú ar an tSoláthar Seirbhíse
1.4 Léarscáil

**2.0 Plean Oideachais 2011-2015 Réimsí Eochairthosaíochtaí** 7

2.1 Soláthar agus Forbairt na seirbhísí
2.2 Forbhreathnú ar na hUimhreacha don Líon Rannpháirtithe

**TÉAMA 1 TEAGASC & FOGHLAIM** 10

Tosaíocht 1 Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta
Tosaíocht 2 Forbairt Scileanna
Tosaíocht 3 An Clár Forbraíochta Caipitiúil
Tosaíocht 4 Caidreamh Dearfach
Tosaíocht 5 Creidiúnú
Tosaíocht 6 Treoirsheirbhísí
Tosaíocht 7 Cruthaíocht agus Fiontraíocht

**TÉAMA 2 EAGRAÍOCHT FHORÁSACH FHREAGRACH** 26

Tosaíocht 8 Struchtúir agus Córais
Tosaíocht 9 Rialachas Corparáideach
Tosaíocht 10 Sainoilteacht
Tosaíocht 11 Tacaíochtaí Foghlama
Tosaíocht 12 Comhionannas
Tosaíocht 13 Cleachtais Athshlánaíocha
Tosaíocht 14 Soláthar Seirbhísí trí mheán na Gaeilge
Tosaíocht 15 Réiteach Aighnis
Tosaíocht 16 Struchtúir Eagrúcháin curtha in oiriúint do róil

**TÉAMA 3 AG ÚSÁID TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE** 43

Tosaíocht 17 Straitéis na Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide
Tosaíocht 18 Tacaíochta Theicneolaíochta

**TÉAMA 4 AG OBAIR I GCOMHPHÁIRTÍOCHT** 45

Tosaíocht 19 Caidreamh Poiblí
Tosaíocht 20 Comhpháirtíochtaí
Tosaíocht 21 Soláthar Seirbhísí don Óige

**7.0 Buaicphointí** 51

**8.0 Aguisíní** 57

# Réamhrá

## Fís Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall

Ag sraith diancheardlanna a reáchtáladh mar pháirt den phróiseas comhairliúcháin aontaíodh na ráitis físe agus misin seo a leanas do Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall:

### Ár bhFís

'Seirbhís oideachais den chéad scoth atá foghlaimeoirlárnach.'

### Ár Ráiteas Misin

'Foghlaim inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a thairiscint agus tacaíocht a thabhairt di, rud a ligeann do mhic léinn iad féin a chumasú lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh.'

**Baill den Coiste Gairmoideachais Contae Dhún na nGall (Eanáir 2013 – Iúil 2013) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (Iúil 2013 – Nollaig 2013).**

An Clr Martin Farren - Cathaoirleach (Eanáir – Iúil)
An Clr Philip Mc Glynn - Cathaoirleach (Iúil – Nollaig)
Ms. Marietta Heraghty Leas - Chathaoirleach (Eanáir – Iúil)
An Clr Peter Cutliffe Leas – Chathaoirleach (Iúil – Nollaig)

An Clr Barry O'Neill
An Clr Daithí Alcorn
An Clr Michelle Bradley
An Clr Brendan Byrne
An Clr Dessie Larkin
Mr. Francis Mc Daid
An Clr Ian Mc Garvey
An Clr Elizabeth Mc Intyre
An Clr Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr Patrick McGowan

An Clr Martin Harley
Ms Sinead Gillespie
An Clr Jimmy Kavanagh
An Clr Jim Lynch
Mr. Oliver Mc Devitt
An Clr Michael Grant
Ms Bernie Mulhern
Mr. Alan Thompson
An Clr Jack Murray
Ms Mary Ellen Orpen

## 1.1 Réamhrá ó Phríomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall

**Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach, Shaun Purcell**



Sa bhliain 2013, tháinig athrú stairiúil ar na Coistí Gairmoideachais go náisiúnta.

Bhí an bhliain seo thar a bheith gnóthach don fhoireann, ag maoirsiú cur i bhfeidhm an t-aistriú ó Choiste Gairmoideachais (VEC) Dhún na nGall go dtí an Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB).

Rinneadh athsholáthar ar na 33 VEC sa tír go dtí 16 ETB ar an 1ad Iúil 2013, i ndiaidh an Acht Oideachais & Oiliúna, 2013. Déanfaidh an reachtaíocht achtú ar an chéad staid eile, Phas 2, a chuirfeas i gcrích an t-aistriú ó na hiar-Ionaid SOLAIS go Boird Oideachais agus Oiliúna. De bharr an dara Pas seo, cuirfidh ETB Dhún na nGall fáilte roimh na hiar-Ionaid FAS i Leitir Ceanainn agus Gaoth Dobhair go ETB Dhún na nGall sa bhliain 2014.

Chun a lainseáil mar ETB a cheiliúradh, coinníodh seachtain imeachtaí ar fud fad an chontae i mí Dheireadh Fómhair chun eolas a thabhairt, chun cur chun cinn a dhéanamh agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-aonán nua. D'eagraigh baill foirne, foghlaimeoirí agus ár bpobal oideachais imeachtaí faoi théamaí éagsúla don tseachtain ar a n-áirítear Oideachas, Fiontar, Sláinte agus Folláine, na hEalaíona, Cultúr agus an Ghaeilge, agus bhí siad rannpháirteach iontu. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le buíochas ó chroí a thabhairt dóibh sin go léir a thug cuidiú agus a bhí rannpháirteach le rathúlacht na seachtaine seo.

Táimid ag leanúint de bheith ag cur ar fáil réimse leathan seirbhísí ar fud an chontae trínar Scoileanna, Coláistí, Ionaid, Oideachas Allamuigh, Ceol agus an tAos Óg, agus don fheabhsú ar sholáthar feidhmeanna le breis feidhmeanna Traenála ó na hIonaid atá ag teacht isteach in 2014, agus dá n-oilteacht agus scileanna.


Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do na Cathaoirligh, an Clr Martin Farren (Eanáir-Iúil 2013) agus an Clr Philip McGlynn mar Chathaoirleach ar an ETB, do na Leas-Chathaoirligh, an Clr Marietta Heraghty agus an Clr Peter Cutliffe, do bhaill ár gCoiste agus go háirithe ár bhFoireann as ucht an obair chrua a rinne siad ag maoirseacht na dúshláin sa bhliain 2013.

Anois, táimid ag súil go mór leis na feidhmeanna, leis an fhoireann agus leis an tsoláthar nua sa bhliain 2014.


**Shaun Purcell**
Príomhfheidhmeannach

## 1.2 Forbhreathnú ar Sholáthar Seirbhíse Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

- 15 Scoil agus Coláiste, (cúig cinn atá ina nGaelcholáistí) agus dhá Scoil Oileáin in Árainn Mhór agus Toraigh;
- Seacht nIonad Oideachais agus Oiliúna dírithe go hiomlán ar Oideachas Aosach lánaimseartha, ceann amháin sa Ghaeltacht ina measc, i mBun Cranncha, i mBaile Dhún na nGall, i nGort an Choirce, i Leitir Ceanainn, i mBéal Átha Seanaidh agus i mBaile na nGallóglach, a chuireann ar fáil cúrsaí Ógtheagmhála, Filleadh ar an Oideachas (BTEI), Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Oideachas Pobail, Litearthacht d'Aosaigh agus Treoirchláracha d'Aosaigh. Tá áiseanna Cúram Páistí lonnaithe i naíolanna béal dorais de cheithre Ionad;
- Ionad Eachtraíochta Ghartan – suíomh 87 acra a chuireann oideachas faoin aer ar fáil don Chontae;
- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil – soláthar de theagasc uirlíse agus gutha do gach aoisghrúpa sna Scoileanna agus Coláistí agus ar fud an Chontae;
- Soláthar de Chúrsa Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh do Chontaetha Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh trína Chomhordaitheoir atá lonnaithe i mBord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall;
- Riachtanais faoin Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ina measc an Clár Críochnaithe Scoile, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile/Scoile;
- Oibleagáidí agus freagrachtaí as soláthar den Clár Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae faoin Acht um Obair don Óige trína Oifigeach Óige;
- Comhoibriú le Compháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus le Coiste na Seirbhísí Leanaí ar mhaithe le straitéisí a fhorbairt don Chontae.



etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*




### △ Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéil

- Abbey Vocational School, Donegal Town
- Carrick Vocational School, Carrick
- Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
- Coláiste Chineál Eoghain, Buncrana
- Coláiste Phobail Scoil Colmcille, Oileán Thóraí
- Crana College, Bun Chranncha
- Deele College, Raphoe
- Errigal College, Letterkenny
- Finn Valley College, Stranorlar
- Gairmscoil Chu Uladh, Beál an Átha Móir
- Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór
- Magh Éne College, Bundoran
- Moville Community College, Moville
- Mulroy College, Milford
- St Catherine's Vocational School, Killybegs

### ○ Oídeachas Aosaigh

- Ballyshannon
- Buncrana
- Donegal Town
- Glengad
- Lifford Youthreach
- Gort a' Choirce
- Letterkenny
- Milford

### ☆ Oídeachas Eactríochata Lasmuigh

- Gartan Outdoor Education Centre, Church Hill, Letterkenny

## 2.1 Pleanáil and Forbairt ar Sholáthar Seirbhíse

- D'eascair an Plean Oideachais ó fhorálacha in Ailt 9 agus 30 den Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001, a chuireann d'iallach ar an Phríomhfheidhmeannach Plean 5 Bliana a dhréachtú don eagraíocht faoi stiúir na **Foirne Forbartha Straitéise**.

Tá siad seo a leanas leagtha amach sa Phlean Oideachais:-

- **Cuspóirí** an CGO
- **Tosaíochtaí** an CGO
- Na **Bearta a nglacfar leo** chun na cuspóirí aitheanta a chur i gcrích

Tá an Lucht Bainistíochta Sinsearach ó na seirbhísí go léir ina mbaill den Fhoireann Forbartha Straitéise agus gach bliain cuireann siad Plean Seirbhíse, atá bunaithe ar na spriocanna sa Phlean Oideachais, faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna.

Nuair a chríochnaigh an plean deireanach sa bhliain 2010, chuir an Fhoireann Forbartha Straitéise an Plean do na cúig bliana amach romhain, 2011-2015, le chéile.


Ón phróiseas comhairliúcháin do 2011-2015, aithníodh go raibh gá le dara plean na heagraíochta a bheith beacht, ábhartha agus dírithe, ag cur san áireamh na cúinsí polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíochta atá ann i láthair na huaire agus as sin aithníodh 21 tosaíochtaí tábhachtacha faoi ceithre eochairthéama.

**Eochairthéamaí**


1. Teagasc agus Foghlaim
2. Freagracht
3. Teicneolaíocht Faisnéise
4. Ag Obair i gComhpháirtíocht

## 1.4 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe

**Figiúr 2.1 Líon iomlán na bhFoghlaimeoirí sa bhliain 2013 de réir Rannóige**





**Figiúr 2.2 Clárú Mac Léinn i Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal 2013**



## 1.4 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe

**Figiúr. 2.3 Líon na bhFoghlaimeoirí a chláraigh in Oideachas Aosach Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall in 2013**



## Eocharthéama 1 - Teagaisc agus Foghlaim

### TOSAÍOCHT 1

**Cláracha oideachasúla agus seirbhísí tacaíochta a thairiscint agus atá in oiriúint do riachtanais atá ag athrú go tapa i measc daoine aonair, an tsochaí agus an gheilleagar**

I gcomhar leis an Ionad Oideachais Aosaigh Bord Oideachais agus Oiliúna áitiúil, thug Gairmscoil na Mainistreach isteach Fetac Leibhéal 1 le freastal ar dhaltaí le SEN nach bhfuil i ndán rochtain a bheith acu ar oideachas príomhshrutha. Rinne daltaí na hIdirbhliana staidéar ar chúrsa leabharlainne ar mhaithe lena gcuid scileanna litearachta a fheabhsú. Cuireadh lá meabhairshláinte ar fáil d'iomlán daltaí i gcomhar leis an chuairt d' Fheachtas Rothaíochta in aghaidh Féinmharú. Tugadh isteach ríomhchlárú agus ranganna feidhmchláir deartha don Idirbhliain.

I gColáiste Cranncha, cuireadh clár na hIdirbhliana do dhaltaí sinsearacha ar an churaclaim i mí Mheán Fómhair 2013. Bhí an bhua ag an chlár róbataice do dhaltaí sóisearacha sa Duais cháiliúil STEM ag Dámhachtainí Bord Oideachais agus Oiliúna agus Taispeántas d'Eolaí Sóisearach. Dhírigh Coiste na Scoileanna Sláintiúil a n-aird ar frithbhulaíocht agus leathnaigh siad amach é chun cibearbhulaíocht agus mí-úsáid ar líne a chur san áireamh. Rinneadh cúrsaí in oideachas aosaigh a thairiscint i gcócaireacht agus i ngúnadóireacht.

Le linn an chéad téarma, bhí daltaí na chéad bhliana i gColáiste an Earagail rannpháirteach i 'mblaiseadh ábhar'. Chuir foireann gairmthreorach tacaíocht ar fáil do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí chun ábhair a roghnú agus cuireadh meantóirí mic léinn ar fáil d'iomlán daltaí chéad bhliana. Chuir Coláiste an Earagail chun cinn cur chuige i gcleachtas agus cultúr athshlánaíocha do dhaltaí agus don fhoireann. D'oscail leabharlann nua na scoile do dhaltaí, do thuismitheoirí agus don phobal áitiúil.

D'ofráil Gleann na Finne fáil ar an Chlár Daybreak, idirghabháil spriocdhírithe a thugann taca do dhaoine óga atá ag streachailt le hoideachas príomhshrutha. Chuir an scoil ar fáil Aonad Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais le freastal ar dhaltaí a d'fhéadfadh a bheith fágtha amuigh as oideachas príomhshrutha roimhe sin. Rithfear an dara rang de Neamhord de chuid Speictream an Uathachais sa chéad bhliain acadúil eile. Lena chois sin, ghlac Gleann na Finne páirt sa Chlár Críochnaithe Scolaíochta, atá ina idirghabháil spriocdhírithe le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga a bheadh i mbaol an scoil a fhágáil go luath. Tugadh isteach Stair don sraith shóisearach agus fosta cuireadh roghanna d'ábhair nua leis an sraith shinsearach.

I nGairmscoil Chú Uladh cuireadh cúrsaí nua ar fáil san Idirbhliain: Léiriú Raidió, Tuiscint ar Ilchineálacht, Ceardlanna ar Scileanna Cur i Láthair & Cumarsáide, clár do Shiúlóid Folláin agus seimineáir ar Scileanna Staidéir do dhaltaí.

I nGairmscoil Mhic Diarmada ofráladh cúrsaí meabhairshláinte do dhaltaí agus tuismitheoirí. Socraíodh ceardlanna i scríbhneoireacht chruthaitheach do na daltaí chomh maith. I measc na gcúrsaí nua san Idirbhliain bhí cúrsa sna meáin, CPR agus tiomáint shábháilte. Bhí caint ar chothú do thuismitheoirí agus traenáil i gcleachtas athshlánaíoch don fhoireann, do dhaltaí agus do thuismitheoirí. Tugadh traenáil i cibearbhulaíocht don fhoireann, do dhaltaí agus do thuismitheoirí. Fuair na daltaí sinsearacha cainteanna ar sláinte ghnéis agus fuair an chéad bhliain cúrsaí i scríbhneoireacht chruthaitheach agus bhí ceardlanna ealaíon ann do na daltaí sóisearacha go léir.

Chuir Coláiste Magh Ene tús le Tionscnamh Scoil Shábháilte, ag obair le Belong2 i gcur ar fáil clár do scoil shábháilte do dhaltaí LGBT.

**Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta**

Sa Treoirsheirbhís do Dhaoine Fásta, cuireadh an cur chuige ar a dtugtar Vocational Dreaming i bhfeidhm le tacú le daoine fásta i gcinnteoireacht i dtimpeallacht dhúshlánach.

Sa bhliain 2013, d'ofráil TFO áit do 808 mac léinn in iomlán ár gcuid Ionaid d'Oideachas Aosach, ar a n-áirítear Ionad nua Ghleann na Finne i Srath an Urláir maraon le hiliomad láithreacha pobail ar fud fad an chontae de réir mar a leanann muid ar aghaidh ag tabhairt oideachas go díreach don phobal.

D'ofráil Oideachas Pobail cúrsaí in Úsáid na Meán Digiteach, Garrantóireacht, Cócaireacht ar Bhuiséad, Cócaireacht d'Fhir agus Ginealas.

- Sa bhliain 2013, lean Cumasóige ag cur ar fáil cláracha le freastal ar riachtanais luathfhágálaithe scoile, go mórmhór trí FETAC Leibhéal 2 i Scileanna Bunriachtanacha, Teastais Leibhéal 3 agus 4 i bhFoghlaim Ginearálta agus an tArdteistiméireacht Fheidhmeach (i Leitir Ceanainn amháin). I measc samplaí eile, bhí soláthar de laetha shlí beatha a bhí dírithe go speisialta ar fhoghlaimeoirí Cumasóige le bheith i ndán aghaidh a thabhairt ar fhostaíocht dheacair/oideachas breise agus ag castáil le daoine óga eile nuair a fhágfaidh siad Cumasóige.

- Maidir leis an tSeirbhís Bunoideachais, ofráladh Bunscileanna a bhí comhtháite trí Chlár Feasachta i in Oidhreacht Chultúrtha agus Turasóireachta. Tháinig méadú ar chleachtadh rannach do Cheolfhoireann an Óige le linn 2013. Bunaíodh Cór Sóisearach Dhún na nGall mar dhóigh infhaighte agus inacmhainne le tús a chur le hoideachas ceoil. Rinneadh feidhmiú céimneach ar thrí thogra nua a bhí maoinithe ag SÍOCHÁN III. Ina measc seo, bhí Ensemble Uirlise Idirghlúine, Togra do Scoileanna Ilmheán agus Ceolfhoireann Shóisearach. Tugann an tacaíocht mhaoiniúcháin seans don Chomhpháirtíocht Ceoil clár ceardlainne infhaighte a thairiscint saor in aisce. Tá an clár ceardlainne i gcomhar leis an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach.

Chuir an tSeirbhís Síceolaíoch na seirbhísí seo a leanas ar fáil do scoileanna:

- Soláthar de chláracha traenála i scileanna sóisialta do dhaoine óga le ASD (neamhord forleatach forbraíochta)
- Soláthar de chláracha i scileanna staidéir do mhic léinn sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht
- Soláthar de chlár FRIENDS (clár chun litearthacht thochtach, i dteacht aniar agus in ábaltacht i réiteach fadhbanna do ghrúpaí daoine óga)
- Soláthar den chlár Get Up, Stand Up (clár dírithe ar chailíní na chéad bhliana a bhfuil deacrachtaí sóisialta, sochorraithaithe agus iompraíochta acu)
- Soláthar traenála In-seirbhíse d'fhoirne ar an t-samhail seirbhíse, Leanúntas Tacaíochta, do scoileanna a ndearna an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) forbairt air
- Soláthar traenála In-seirbhíse do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ar idirghabháil litearthachta agus uimhearthachta, bunaithe ar fhianaise, i gcomhar leis an NEPS.
- Soláthar ionchuir do thuismitheoirí ar an dóigh is fearr le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i ndáil le staidéar agus scrúduithe
- Soláthar traenála In-seirbhíse do mhúinteoirí nua i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall de réir an t-samhail Leanúnachais Tacaíochta agus SEN sa tseomra ranga
- Soláthar traenálá In-seirbhíse do Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar ASD, féinchúram agus bainistiú iompraíochta
- Éascú ar ghrúpaí chomhairleoireachta ar ASD do mhúinteoirí le daltaí a bhfuil ASD orthu
- Éascú agus cuidiú don fhorbairt agus an athbhreithniú ar 'foirne cúraim' sna scoileanna, bunaithe ar threoirlínte ón DES d'fhoirne tacaíochta do dhaltaí nua
- Soláthar traenála In-seirbhíse ar na Treoirlínte Meabhairshláinte nua do Scoileanna Iar-bhunoideachais

Ofráladh forbairt proifisiúnta foirmeálta agus tacaíocht neamhfhoirmeálta go díreach do na foirne teagaisc sna cúig Ionad Youthreach, i seachtar de na scoileanna iar-bhunoideachais agus do chláracha indibhidiúla in oideachas aosach. Seo a leanas samplaí den tacaíocht:

1. Ag forbairt modhanna do mheasúnacht fhoirmeálta.
2. Ag cur ar fáil traenáil i gcnuasach trialach litearthachta agus uimhearthachta.
3. Forbairt ar chur chuigí sa scoil uile i ndáil le smacht agus bainistíocht seomra ranga.
4. Ag comhairíocht ar ullmhú, ar fhorbairt agus ar athbhreithniú de Phleananna Oideachais Aonair.
5. Straitéisí a fhorbairt chun deileáil le daoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama faoi leith acu.
6. Comhairliú ar theidlíochtaí d'iarratais faoi choinne cóiríochtaí do na scrúdaithe stáit.
7. Ag éascú imeascadh do dhaltaí le SEN.
8. Léirmhiniú ar fheidhmiú cognaíoch agus ar phróifílí do measúnacht teanga.
9. Ag athbhreithniú Pleananna do Theagmhais Chriticúla.
10. Tacaíocht d'fhoirne scoile agus do dhaltaí i ndiaidh teagmhais chriticúla.

Bhí éagsúlacht i bhfabhanna dhaoine óga a tarchuireadh faoi choinne measúnachta ach is féidir iad a chatagóiriú go leathan faoi SEN, nó Deacrachtaí Sóisialta, Sochorraithe agus Iompraíochta.

Bhí na hatreorúcháin ag baint níos mó agus níos mó le saincheisteanna meabhairshláinte. I gcuid mhór cásanna, bhí líonradh leitheadach le seirbhísí sláinte agus seirbhísí eile de dhíth faoi choinne mic léinn agus foghlaimeoirí. I measc obair eile a bhí i gceist, bhí tacaíocht le tabhairt do mhic léinn agus do dhaoine óga le SEN aistriú go cláranna úra oideachasúla i ndiaidh an scoil iar-bhunoideachas a fhágáil.

Bhí an obair mheasúnachta a rinneadh leis na daltaí dírithe ar chuidiú a thabhairt do thuismitheoirí, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta araon, a bhuíochas do chur ar fáil aiseolas ó réamh-mheasúnú agus iarmheasúnú gairmiúil maraon le moltaí i ndáil le riachtanais na ndaoine óga a tarchuireadh. Lena chois sin, réachtaladh cruinnithe pleanála agus athbhreithnithe i rith na bliana le tuismitheoirí chun dul chun cinn na mic léinn le SEN a mheas. Bhí cruinnithe chomhoibritheacha ar siúil chomh mhaith idir bainistíocht scoile/ionaid agus tuismitheoirí ar mhaithe le haistriú ón scoil/Youthreach chuig obair nó breis staidéir do dhaoine óga le SEN.

Caighdeáin den scoth a choimeád agus a fheabhsú i ngach clár oideachais i ngach scoil/coláiste/ionad. Chuidigh an fhreastal leanúnach ar chúrsaí CPD leis na caighdeáin laistigh den tseirbhís a choimeád agus a fheabhsú. Bhí siad seo a leanas i measc na gcúrsaí CPD:

- Forbairt ar clár RSE do dhaltaí le ASD
- Ag forbairt straitéisí i gcóir uimhearthachta a theagasc do dháltaí le SEN
- Ag forbairt samhlacha comhairliúcháin do réiteach fadhbanna

Cuireadh na cláracha agus seirbhísí tacaíochta seo a leanas i bhfeidhm sna scoileanna:

- D'ofráil Gairmscoil Chaitríona cúrsa FETAC, Leibhéal 6, i gCúram agus Oideachas na Luath-óige maraon le clár i dTeanga Chomharthaíochta don Idirbhliain.
- Cuireann Coláiste na Maoile Rua réimse iomlán de chláracha dara leibheál ar fáil, le tógail níos mó san Idirbhliain. Rinneadh grúpaíl i gCumas Measctha don 1ad agus don 2ra bliain agus rinneadh JCSP a chomhtháthú seachas a bheith mar ghrúpa aonair.
- I gColáiste Cranncha, tugadh isteach clár Róbatice do mhic léinn sóisearacha i bpáirtíocht le ITLC. Dhírigh an Tionsnamh um Scoileanna Sláintiúil ar bheartais Frithbhulaíochta agus ar fheachtas in aghaidh tobac. Rinneadh Cócaireacha agus Gúnadóireacht i gcúrsaí Oideachas Aosaigh. Bunaíodh teagmhálacha le Seirbhísí Óige Dhún na nGall agus Daybreak agus tugadh cuairteanna scoile go dtí an Eilbhéis agus an Iodáil.
- D'ofráil Coláiste Pobail Cholmcille Staidéar Síneach don Idirbhliain den chéad uair.
- D'ofráil Coláiste Gleann na Finne rochtain ar Daybreak, idirghabháil spriocdhírithe a thugann tacaíocht do dhaoine óga atá ag streachailt le hoideachas príomhshruthú. Reachtálann an scoil clár Aistrithe agus Induchtaithe do dhaltaí atá ag teacht isteach sa Chéad Bhliain. Leanann leabharlann na scoile leis an forbairt ar thástáil SMOG ar gach leabhar sa leabharlann le déanamh cinnte gur féidir le mic léinn fáil a bheith acu ar leabhair atá fóirsteanach dá n-aois léitheoireachta. Faigheann iomlán na mic léinn scrúduithe caighdeánacha ag Nollaig - GRT i Litríocht agus WRAT4 san Uimhearthacht.
- Bhí Coláiste Magh Éne, Coláiste an Earagail, Coláiste Gleann na Finne, Gairmscoil na Mainistreach agus Gairmscoil Naomh Caitríona uilig páirteach sa chlár PLC, a d'ofráil 11 cúrsaí ag FETAC Leibhéal 5 agus 6

## 2.2 Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn

Leanann an tSeirbhís Tacaíochta Mac Léinn ag cur ar fáil tacaíocht oideachasúla tríd na Seirbhísí Corparáideacha atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall i bhfoirm cabhair dheontais do mhic léinn as Dún na nGall atá ag freastal ar Scoil/Coláiste/Ollscoil i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann, i Sasain, in Albain agus sa Bhreathain Bheag go dtí go mbeidh a gcúrsaí reatha críochnaithe ag na mic léinn sin.

Is é SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) a dhéanann measúnacht ar iarrthóirí nua agus ar athnuachaintí don bhliain acadúil 2013/2014.

**2.2.1 Leanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag ceadú agus ag íoch deontais leis na mic léinn atá cheana féin ag fáil maoiniú faoin dá scéim seo leanas:-**

**(i) Scéim Dheontais Chothabhála a fhaigheann mic léinn a bhfuil Scoláireacht Tríú Leibhéal acu ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall –**
clúdaíonn sé seo mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí onóracha céime, atá ceadaithe, in Institiúidí tríú léibhéal, ar a n-áiritear Ollscoileanna in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus thar lear.

**(ii) Scéim Dheontais Chothabhála d'Fhoghlaimeoirí Tríú Leibhéal (TLT) –**
clúdaíonn sé seo Gnáthchúrsaí Céime trí bliana, a dhéantar in Institiúdí Teicneolaíochta.

Don bhliain acadúil 2013/2014, ba é 461 an líon iomlán d'fhoirmeacha deontais a fuarthas. Déantar na foirmeacha seo a rangú faoi na ceannteidil éagsúla mar a thaispeántar thíos:

**Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn 2013/2014  Staitisticí an Tuarascáil Bliantúil**

| **Iarrtais faighte** | **Líon iarratais** |
|---|---|
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 7 | 237 |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 8 nó níos airde | 187 |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí 5 agus 6 | 0 |
| Curtha ar ceal | 19 |
| Neamhcháilithe | 18 |
| Curtha chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall | 0 |
| **Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas** | **461** |

San iomlán fuarthas 462 iarratas ar dheontais agus d'éirigh 424 acu maoiniú a fháil.
Taispeánann Figiúr 3.2.2 an líon iarratas a bronnadh agus leibhéal an chúrsa faoinar ceadaíodh gach ceann.

| **An Cineál Deontais** | **Líon a bronnadh** |
|---|---|
| Cóngaracht 100% | 58 |
| Cóngaracht 75% | 2 |
| Cóngaracht 50% | 5 |
| Cóngaracht 25% | 3 |
| Ráta Speisialta Cóngarachta | 49 |
| Neamhchóngaracht 100% | 95 |
| Neamhchóngaracht 75% | 5 |
| Neamhchóngaracht 50% | 5 |
| Neamhchóngaracht 25% | 8 |
| Ráta Speisialta Neamhchóngarachta | 85 |
| Táillí Amháin | 109 |
| **Líon iomlán na ndeontas a bronnadh** | **424** |

# TOSAÍOCHT 2

**Scileanna cineálacha a fhorbairt laistigh d'iomlán na gclár oideachais**

Rinne Gairmscoil na Mainistreach cur chun cinn ar thionsnamh litearthachta agus uimheartheachta a bhuíochas do mheasúnú straitéiseach agus rinneadh atriail ar shampla randamach de dhaltaí 1ad bliana lena ndul chun cinn thar na bliana a fháil amach.

Chuir Coláiste Cranncha tús le traenáil foirne i modúil don Idirbhliain. Tugadh isteach tionscnaimh ar mhaithe le litearthacht agus uimheartheacht a chur chun cinn, le fócas ar litearthacht. Rinneadh tástáil léitheoireachta ar iomlán daltaí sa 1ad Bhlian agus rinne RTÉ Nationwide scannán den togra 'Wee School Library'. Tá leathanbhanda fiontair ar fáil ar fud an Choláiste.

Ghlac Coláiste an Earagail cur chuige litearthachta ar fud na scoile ar éirigh go han-mhaith leis. D'úsáid na múinteoirí iPads agus tá forbairt ghairmiúil leanúnach críochnaithe acu i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Tá a seoladh ríomphoist féin ag gach dalta agus múinteoir agus tá leathanbhanda fiontair ar fáil ar fud an champais.

Lean Choláiste Gleann na Finne ar aghaidh ag feabhsú litearthachta, ar aon dul leis an Straitéis Litearthachta Náisiúnta agus leis an Ghníomhphlean DEIS atá ag Coláiste Gleann na Finne. Ag úsáid clár creidiúnaithe, rinneadh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a theagasc do na mic léinn go léir i ngach bliainghrúpa.

Thug Gairmscoil Chú Uladh isteach Tionscnamh na nEochairfhocal agus an tionscnamh dar teideal *Drop Everything and Read and Make a Book.*


I nGairmscoil Mhic Diarmada d'fhoghlaim daltaí na hIdirbhliana Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus fuair an fhoireann traenáil ann chomh maith. Lena chois sin, tugadh isteach an scéim píolótach in iPad do dhaltaí na hIdirbhliana.

I gColáiste Magh Éne, chuir daltaí na hIdirbhliana tús le h-úsáid ríomhphunainn lena gcuid punainn modúlach agus oibre a chruthú, a shábháil agus a chur in eagar. Bhí Coláiste Magh Éne ag déanamh píolótú fosta ar ríomhphunainn na Roinne Oideachais/Eolaíochta don Bhéarla roimh an Sraith Shóisearach Nua.

## TOSAÍOCHT 3

**Caighdeáin Cáilíochta a choimeád agus a fheabhsú in iomlán na gClár Oideachais, na Scoileanna, na Coláistí agus na hIonaid**

- Rinneadh roinnt cigireachta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna ar ábhair, ina n-áiritear Cigireacht Theagmhasach i Scoileanna agus Coláistí: Gaeilge i nGairmscoil na Mainistreach, Béarla i gColáiste an Earagail agus Béarla i gColáiste na Maoile Rua.
- Rinne Cigiré na Roinne Cigireacht ar Cheannaireacht Bainistíochta agus Foghlamtha/na Scoile Uile i nGairmscoil na Mainistreach.
- Tá tús curtha ag iomlán Scoileanna agus Coláistí ar an phróiseas ar a dtugtar Féinmheastóireacht Scoile.
- Tá Oideachas Aosaigh clúdaidhe ag an Chreatlach Dearbaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.




**Figiúr 3.5 Creatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí**

**Chun timpeallacht den scoth a chur ar fáil don fhoghlaim agus don teagasc.**

Mar atá leagtha síos sa Phlean Oideachais 2011-2015, sanntar an Timpeallacht Foghlama mar ghníomhaíochtaí intleachtacha, spóirt, spioradálta agus cultúrtha (ach gan a bheith teoranta dóibh sin). Chun cloí le cuspóirí an Phlean, mar atá liostáilte ann, lean Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall in 2013 ag feabhsú an timpeallacht fisiceach teagaisc agus foghlama ina chuid scoileanna, coláistí agus ionaid go léir a bhuí do Chlár Forbartha Caipitiúil cuimsitheach.

## 3.0 Clár Forbartha Caipitiúil

### 3.1 Coláiste Gleann na Finne, Srath an Urláir

**Seomra Ranga Nua ASD (70m2)**
Cuireadh críoch leis an togra seo go mall sa bhliain 2013. Is cinnte go bhfuil fáilte roimh an síneadh seo le cur le háiseanna nua-aimseartha na Scoile.

### 3.2. Coláiste Chranncha, Bun Cranncha

**Forbairt Fhéideartha ar Champas i mBun Cranncha ina mbeadh Coláiste Cranncha, Gaelscoil Bhun Cranncha agus, b'fhéidir, Coláiste Chineáil Eoghain, Bhun Cranncha.**

Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar aghaidh leis an comhfhreagras i rith 2013 idir na hoifigigh sa rannóg ceannaithe suímh sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Pleanála de Chomhairle Chontae Dhún na nGall araon.

I ndiaidh atbhreithnniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Bhun Cranncha agus a Thimpeallacht 2008 – 2014, rinneadh machnamh ar thuilleadh suíomhanna a bheadh oiriúnach fá choinne campas a fhorbairt ar an bhaile. Rinneadh staidéar oiriúnachta ar gach ceann de na suíomhanna a haithníodh agus cuireadh na torthaí le litir dár dáta an 19ú Meán Fómhair 2013 chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar achoimre, rinneadh ar shiúil leis na suíomhanna féidearthachta a aithníodh sa Dréachtphlean Forbartha do Bhun Cranncha agus a Thimpeallacht ó thuilleadh breithniú de bharr iad seo a leanas:

1. Méid/Áit
2. D'iarr na díoltóirí Comaoin/Praghas
3. Níor thoiligh na díoltóirí an suíomh a dhíol

San fhómhar 2013 aithníodh suíomh féideartha eile i dtailte Bhun Cranncha agus cuireadh na sonraí ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ag an am céanna, chas Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le hoifigigh ón Rannóg Pleanála de Chomhairle Chontae Dhún na nGall leis an suíomh a phlé ó thaobh peirspictíocht pleanála de agus táthar ag súil go leanfaidh na comhráití seo ar aghaidh go dtí críoch dhearfa go luath in 2014.

### 3.3 Coláiste Pobail Bhun an Phobail

Lean an comhfhreagras ar aghaidh le hoifigigí ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar an ábhar thuasluaite le linn 2013. D'éirigh an phráinn leis an togra ar leith seo níos feicealaí le linn na bliana de bharr an drochbhail a bhí ar an Chóiríocht Réamhdhéanta ar an suíomh. I mí Mheithimh 2013, cuireadh áitiú mionsonraithe ag an Roinn Oideachaus agus Scileanna ina raibh cur síos orthu seo a leanas:-

- Na deacrachtaí feidhmiúcháin ó lá go lá ar an suíomh mar gheall ar an champas scoilte atá ann i láthair na huaire, agus
- An drochbhail atá ar an chóiríocht réamhdhéanta atá ann

Cuireadh tuilleadh áitithe agus tuairimí chuig an Roinn i Meán Fómhair 2013. Thug Ailtire Sinsearach ón Rannóg Gairmiúla agus Teicniúla ón Roinn cuairt ar an scoil i mí na Samhna 2013 le cigireacht a dhéanamh é féin ar na deacrachtaí reatha feidhmiúcháin atá ag Bainistíocht na Scoile ó lá go lá. Chomh maith leis sin, thug an chuairt seo deis do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus do Bhainistíocht na Scoile a gcuspóirí cóiríochta don scoil sa todhchaí agus níos faide a chur in iúl. Tá tuairisc na dtorthaí ón Ailtire Sinsearach in ainm a bheith curtha in iúl do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go luath in 2014, agus táthar ag súil go mbeidh dearadh agus seacadadh den chéad chéim eile de chóiríocht buan i mBun an Phobail in ann dul ar aghaidh.

Tá an bhail atá ar an chóiríocht réamhdhéanta ina imní tromchúiseach do Bhainistíocht na Scoile agus do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall araon. I dtuairsc Ailtire ar na mallaibh, cuireadh béim ar chríonlobhadh laistigh den struchtúr. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall den tuairim go mbeadh athsholáthar nó costas d'oibreacha feabhais ar an chóiríocht seo gan tairbhe agus gur cheart tosaíocht a thabhairt do chóiríocht bhuan ina áit go práinneach.

Cuireadh tús le tógáil ar sheomra ranga úr do Dheacrachtaí Foghlama Meánacha Ginearálta i rith an t-samhraidh, 2013. Tá an chóiríocht úr seo a cur ar fáil trí shíneadh ar an fhoirneamh buan atá ann agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2014.

### 3.4 Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

**Soláthar de bhreis cóiríochta buan**

Chuaigh an togra seo ar aghaidh tríd an Fhoireann Deartha, céimeanna 1 agus 2.A. go luath sa bhliain 2013.

Le litir Iúil 2013, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna cead do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall dul ar aghaidh go Foireann Deartha céim 2B agus na hiarratais reachtúla riachtanaca a chur chuig Comhairle Contae Dhún na nGall (i.e. Pleanáil/Sábháilteacht ó Dhoiteán/DAC)

Mar chuid den phróiseas ar Iarratas Pleanála, chuir an Chomhairle Iarratas ar Thuilleadh Eolais chucu i mí Mhean Fómhair 2013. Thar cheann Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, chuir an Fhoireann Deartha freagra amach ar an 15ú Samhain 2013. Ar an 12ú Nollaig 2013, d'iarr Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Dhún na nGall breis soiléiriú agus tugadh freagra air seo roimh laetha saoire na Nollag 2013. D'ainneoin an mhoill sin i rith 2013, táthar ag súil go bhfaighidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall cead ar na hiarratais reachtúla riachtanacha go léir go luath sa bhliain 2014 agus, chomh luath agus is féidir, go mbeidh siad ábalta cuireadh ar thairiscintí a thabhairt do na Conraitheoirí Príomha do na hoibreacha thuasluaite.

### 3.5 Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

**Soláthar de Scoil Nua, 3,854m2, faoi choinne 350 dalta, tríd an modeolaíocht de Sholáthar na Comhpháirtíochta Príobháidaí Poiblí (CPP)**

Rinneadh dul chun cinn mór i rith 2013 maidir leis an chonradh tógála don fhoirgneamh nua scoile. Rinne CPP BAM é a chríochnú go praiticiúil ar an 6ú Samhain 2013. D'fhág an fhoireann agus na mic léinn slán ag a sean-chóiríocht i dTeach Sprackburn, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, agus rinne siad a mbealach go dtí a gcóiríocht nua ar an Aoine, Samhain 15ú 2013. Táthar ag súil go ndéanfar an oscailt oifigiúil ar an scoil san earrach, 2014.

### 3.6 Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)

**Breis Cóiríochta**
**(1 x Seomra Ranga do Thacaíocht Foghlama, 2 x Oifig Tréádach)**
**Cuireadh an togra seo i gcrích go praiticiúil i mí Eanáir 2013**

**Cóiríocht le freastal ar dhaltaí le ASD**

Le litir, dar dáta an 7ú Iúil 2013, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú deontais déabhlóidithe do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoi choinne tuilleadh cóiríochta a chur ar fáil do dhaltaí le ASD. Sa chóiríocht seo, beidh seomra ranga, áiseanna leithris en-suite maraon le seomra ilchéadfach/cúlúcháin. Gheofar Ailtire Comhairleach chun na hoibreacha seo a dhearadh agus a mhaoirsiú agus táthar ag súil go rachaidh an togra seo ar aghaidh sa bhliain 2014.

### 3.7 Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn

**Tógáil Aonad nua ASD**

Cuireadh an togra ar leith seo i gcrích go praiticiúil i mí Feabhra 2013

### 3.8 Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir

**Breis Cóiríochta**
**(2 x Seomra Ranga Ginearálta, 3 x Oifig Tréadach, 1 x Oifig an Phríomhoide)**

Cuireadh an togra ar leith seo i gcrích go praiticiúil i mí Mhárta 2013

### 3.9 Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga

**Iarratas ar bhreis chóiríochta le freastal ar dhaltaí le ASD**

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an togra seo le litir ar an 19ú Meitheamh 2013. Cuireadh maoiniú deontais déabhlóidithe ar fáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le breis cóiríochta a chur ar fáil do dhaltaí le ASD. Is é an chóiríocht a chuirfear ar fáil ná seomra ranga, áiseanna leithris agus cithfholcadáin en-suite, seomra ilchéadfach agus seomra cúlúcháin.

Fuaireas Ailtire Comhairleach leis na hoibreacha a dhearadh agus a mhaoirsiú agus táthar ag súil go mbeidh an dearadh agus an tógáil a dhéanamh ar an chóiríocht i rith na bliana 2014.

## 3.10 Scéim na nOibreacha Samhraidh 2013

Mar thoradh ar ghearradh siar ar an Mhaoiniú Caipitiúil a thugann an Roinn Oideachais agus Scileanna amach, cuireadh Scéim na nOibreacha Samhraidh ar ceal don bhliain 2013. Go mall sa bhliain 2013, thug Imlitir 0059/2013 cuireadh d’iarratais le bheith curtha san áireamh i Scéim na nOibreacha Samhraidh 2014.

Cuireadh deich (10) n-iarratas chuig Príomhoifig an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall thar cheann roinnt scoileanna atá faoina chúram. Beifear ag súil go n-ainmneofar na tograí ar éirigh leo go luath sa bhliain 2014.

## 3.11 Deontais d'Oibreacha Éigeandála – Tograí Ceadaithe in 2013

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna na hiarratais seo a leanas faoi na Deontais d'Oibreacha Éigeandála le linn 2013:-

| | Scoil/Ionad | Togra | Buiséad Ceadaithe (Táillí & CBL san áireamh) |
|---|---|---|---|
| 1. | Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh | Sábháilteacht ó Dhóiteán /Rochtain d'Iomlán oibreacha feabhsúcháin | €202,248.00 |
| 2. | Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn | Athsholáthar ar Chóras Eastarraingte Dusta sna Seomraí Adhmadóireachta | €57,594.00 |
| 3. | Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór | Córas Nua Camrais agus áis cóireála | €78,866.00 |
| 4. | Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach | Oibreacha Rochtana Leithris Oiriúnaithe do Chách. | €16,324.00 |

## 3.12 Scéim Pobail d'Fhuinneamh Níos Fearr 2013

D'éirigh le Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall comh-mhaoiniú a fháil ó SEAI le dhul i mbun Oibreacha ar Éifeachtúlacht Fuinnimh sna hIonaid seo a leanas:-

- Ionad Oideachais, Bóthar Cill Mhic Réanáin, Leitir Ceanainn
- Ionad Oideachais Ghleann na Finne, An Príomhshráid, Srath an Urláir

Ba é Comhairle Chontae Dhún na nGall a bhí mar an iarrathóir príomha agus a chomheagraidh an t-iarratas ar mhaoiniú chuig SEAI. Bhí tograí thart ar Dhún na nGall ó Pháirtnéirí/Eagraíochtaí Pobail eile san áireamh, mar a leanas:-

- Comhairle Chontae Dhún na nGall – 5 x Ionad Seirbhísí Poiblí ar fud an chontae
- Scoil Náisiúnta Sessiaghoneill
- Naomh Uinseann De Pól – Lóistín i mBrú i Leitir Ceanainn
- Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall – 2 x Ionad Oideachais mar atá sonraithe thuas

Is oibreacha uasghrádaithe ar theas agus ar dhíonmhar ar shéideán a bhí le déanamh sna hIonaid Oideachais. Cheadaigh SEAI maoiniú contrapháirt de 50% do na costais iomlán den togra.

## TOSAÍOCHT 4

**Caidreamh dearfach a chur chun cinn a bhuí don cur chuige i leith 'cleachtais athshlánaíochta' a úsáid.**

**Fócas ar Cheachtas Athshlánaíochta***
Sa bhliain 2011, fuair Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall ?100,000 ó Chlár Peace III le dul i mbun togra dhá bhliain chun cleachtas athshlánaíochta a dhaingniú níos láidre in iar-bhunoideachais, ionaid Youthreach agus eagraíochtaí obair óige ar fud an chontae. Tá baint ag Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall lena leithéid de chleachtas le mórán blianta agus chuir Peace III deis iontach ar fáil don chontae le déanamh cinnte go mbeadh Dún na nGall ina chontae athshlánaíochta do dhaoine óga agus an cleachtadh seo a neartú.

Tá trí eilimint sa togra:-

**1. Traenáil**
I mí na Samhna 2011, thug Foireann Chleachtais Athshlánaithe ó Ollscoil Uladh traenáil do chéad ball foirne ó eagraíochtaí rannpháirteacha le cuidiú leo modhanna an Chleachtais Athshlánaithe a úsáid níos mó ina gcuid oibre.

**2. Taighde**
Tá an eilimint taighde, atá a dhéanamh fosta ag Foireann Chleachtais Athshlánaithe Ollscoil Uladh (An Dr Derick Wilson, Tim Chapman agus Hugh Campbell), ag iarraidh a dheimniú cé chomh fada is atá na hIonaid Youthreach, na Scoileanna agus na Seirbhísí Óige oilte in úsáid Cleachtas Athshlánaithe chun aighneas a réiteach, caidreimh a thabhairt ar ais agus bealach a fhorbairt chun dul chun cinn a thomhais agus a mheas i dtreo Cleachtas Athshlánaithe a dhaingniú sna hionaid/eagraíochtaí seo le linn saol an togra. I measc na hábhair a chlúdaíonn an taighde, mar shampla, tá leibhéil eisiaimh, freastal agus neamhfhreastal, minicíocht bhulaíochta, ciníochas, iompar suaiteach, úsáid drugaí, íde béil/fisiceach &rl. Sa bhliain 2012, bhí siad ábalta measarthacht maoiniú a fháil agus a úsáid ar mhaithe leis a chleachtas a dhaingniú i measc an fhoireann agus daoine óga ina gcuid ionad.

**3. Ghníomaíocht eagraíochta**
Maraon le ceithre iar-bhunscoil dhéag (ina n-áirítear cuid an Bhord Oideachais & Oiliúna, siad sin: Coláiste Cranncha; Coláiste an Earagail; Coláiste Gleann na Finne; Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste Mag Éne, Bun Dobhráin; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir agus Coláiste na Maoile Rua), tá na cúig Ionad Youthreach, Seirbhís Oige Dhún na nGall agus Foróige i mbun tionscadail chun cleachtas athshlánaithe a chur go daingean ina gcuid ionad thar an dá bhliain amach romhainn.
Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal seo trí chomhdáil deiridh i mí Bealtaine2013, a roinnfidh foghlaim ón tionscadal.

* (Tá tacaíocht a fháil ag an Tionscadal ó Chlar PEACE III atá a bhainistiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall do Chomhlacht na gClár Speisialta AE)

- Rinneadh traenáil ar Cheartas Aisiríoch i roinnt scoileanna agus colaistí, ina measc Coláiste an Earagail, Coláiste Cranncha, Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Coláiste Gleann na Finne, Coláiste na Carraige agus Coláiste Magh Éne
- Rinneadh athstruchtúrú ar Fhoireann Chúram Tréadach i gColáiste Gleann na Finne agus cuireadh Foireann Athbhreithnithe Cúraim i bhfeidhm
- Tá Gairmscoil Chaitríona, Coláiste na Maoile Rua, Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste an Earagail, Coláiste Cranncha agus Coláiste Magh Éne rannpháirteach sa Chlár Peace III, trína bhfaigheann an fhoireann traenáil agus déantar cur chuige na scoile uile a dhaingniú sa scoil, ina bhfuil na páirtithe oideachais go léir rannpháirteach
- Bhí baint ag Coláiste na Daoile leis an Togra Berlin Wall i gcomhair le Comhairle Ceantair an tSratha Báin
- Tá an Clár Meantóireachta, dar teideal Big Sister Big Brother, ag dul ar aghaidh go maith i gColáiste Chú Uladh agus i gColáiste Magh Éne
- Tá clár clárúcháin 10 mbomaite tugtha isteach ag Coláiste na Maoile Rua

# TOSAÍOCHT 5

**Cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar rogha an chreidiúnaithe mar pháirt de na cláracha a chuireann Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall ar fáil.**

Chríochnaigh daltaí na hIdirbhliana i nGairmscoil na Mainistreach cúrsa i mBia Sábháilte, creidiúnaithe ag an E.H.O.A. Lena chois sin, chríochnaigh daltaí na hIdirbhliana agus líon beag de dhaltaí na 5ú bliana 'an chéad fhreagróir' creidiúnaithe.

Rinne daltaí na hIdirbhliana i gColáiste na Carraige garchabhair agus teanga chomharthaíochta mar pháirt da gcúrsaí.

I gColáiste Cranncha, bhí páirtíocht leanúnach sa togra athshlánaithe, faoi Peace III, ag Teagascóirí Ranga a bhí ag obair le daltaí ina ngrúpa chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairt phearsanta, féinmheas, scileanna i réiteach aighnis, le fócas ar dhaltaí na 2ra Bliana.

Tá Mandairín Síneach, Sage, Paverpol agus Oideachas Fiontair ina modúil ar chlár na hIdirbhliana i gColáiste an Earagail. Chomh maith leis sin, bhí na daltaí páirteach i nDuaiseanna Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall agus i gcláracha do Ghnóthachtál Sóisearach agus i nGaisce.

I gColáiste Gleann na Finne, fuair iomlán daltaí a gclár teagaisc i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide creidiúnaithe ó Bhord Scrúdúcháin Tráchtála na hÉireann. Séard atá i gceist le Bunchlár don Teastas Sóisearach ná teastas scoil-bhunaithe a bhíonn ar siúl ag an am céanna leis an Teastas Sóisearach traidisiúnta. Tá ár gcúrsa Iar-Ardteiste chreidiúnaithe ag FETAC chomh maith.

I nGairmscoil Chú Uladh cuireadh tús leis an tionscnamh trasteorann 'Understanding Diversity'.

Chuir Gairmscoil Mhic Diarmada ar fáil creidiniú ó Fhoras Croí na hÉireann, Dámhachtainí Bhanc na hÉireann, Fáilte Éireann agus Éacht Sóisearach na hÉireann. Fuair daltaí na hIdirbhliana teastais sábháilteachta tiomána agus teastais i staidéir na Meáin ó Léiriúcháin HG.

Thug Coláiste Magh Éne deis do dhaltaí na hIdirbhliana staidéar a dhéanamh ar ealaíona taibhiúcháin; thraenáil siad mar taibhheoirí sráide ag sainfheidhmiú ag siúl ar chosa croise. I measc na gcúrsaí eile bhí Garchabhair, Maireachtáil Neamhspléach agus Sábháilteacht san Uisce.

## TOSAÍOCHT 6

**Comhdhlúthú a dhéanamh ar an soláthar de sheirbhísí treoracha a chuirtear ar fáil do dhaltaí.**

- Tá an Treoirchlár don Scoil Uile faoi athbhreithniú agus forbairt leanúnach i ngach Scoil agus Coláiste de chuid Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall agus tá na Boird Bainistíochta ag ceadú Treoirphleananna agus Measúnachtaí ar bhun leanúnach.
- Tugann Treoirsheirbhís Dhún na nGall san Oideachas Aosach treoir chuimsitheach leanúnach agus treoir réamhfhágála do dhaoine fásta ar chláracha oideachais aosaigh Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall maraon le treoir réamh-iontrála dóibh siúd atá ag smaoiniú ar chláracha oideachais agus oiliúna a chuireann soláthraithe seachtracha ar fáil.

## TOSAÍOCHT 7

**Spiorad na cruthaitheachta agus na fiontraíochta a ghríosadh i ngach Scoil, Coláiste agus Ionad**

Ghlac daltaí na hIdirbhliana i nGairmscoil na Mainistreach páirt i dtaithí oibre agus rinne siad teagmháil le gnónna áitiúla chun cárta lascaine mac léinn a chruthú, aoi-chainteorí do ghrúpaí ilchineálacha a thabhairt isteach agus d'úsáid siad daoine ó ghnónna áitiúla le agallaimh bréige a dhéanamh le daltaí na hArdteistiméireachta.

Bhunaigh Coláiste Cranncha nascanna agus fuair siad cainteanna ó phearsanra AIB maidir le tionscnamh 'Build a Bank'. Thug pearsanra bainistíochta ó Innealtóireacht Inis Eoghain cuairteanna orthu agus cruthaíodh nascanna le Innealtóireacht E & I, Bun na hAbhann.

Rinne daltaí ó Choláiste an Earagail comhpháirtíocht gnó a bhún le fiontair áitiúil agus le hionaid FSS. Cuireann an cur chuige seo rochtain ar fáil ar thimpeallachtaí oibre nua-aimseartha fá choinne taithí oibre. Mar chuid dá staidéar Idirbhliana, bíonn páirt ag na daltaí in mion-chomhlachtaí agus i gcláracha dámhachtana gnó NIFTA.

Ghlac Coláiste Gleann na Finne páirt i dtrí chlár, siad sin Gairmchlár na hArdteistiméireachta, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus an iar-Ardteisiméireacht, ina bhfuil socrúcháin oibre do dhaltaí sa dóigh go dtig leo na scileanna atá riachtanach do shaol na hoibre a fháil.

D'éirigh le Gairmscoil Chú Uladh páirt a ghlacadh sna Comórtais Náisiúnta dá dhúshlán AIB 'Build a Bank' in Éacht Shóisearach na hÉireann.

Bhí an bhua gnó le Gairmscoil Mhic Diarmada in Éachtaí Sóisearacha na hÉireann (bua réigiúnach).

Bhí Coláiste Magh Éne páirteach sa Chlár Fiontair a reáchtáil NFTE.

## TOSAÍOCHT 8

**Struchtúir agus Córais na hEagraíochta a chuíchóiriú chun go mbeidh sí in inmhe a cuid feidhmeanna feabhsaithe úra a chur i gcrích.**

- De bharr feidhmiú céimneach ar Fiontar Wi-Fi, tá iPads agus gléasanna móibíleacha eile do mhúinteorí tughta isteach ag scoileanna.
- Bhog an chuid is mó de scoileanna a gcórais riaracháin do dhaltaí go dtí néalríomhaireachta anois. Cuireann sé seo ar fáil taithí ar-líne níos fearr, m.sh. cuireann seo ar chumas na múinteoirí rollaí a ghlachadh ar ghléasanna móibíleacha.
- D'fheabhsaigh an bogadh a rinne scoileanna go córais riaracháin ar-líne, cosúil le VSWARE, infhaighteacht agus idirghníomhú ag an fhoireann go léir agus déanann sé breis laghdú ar an ghá le crua-earraí inmheánacha faoi leith.

## TOSAÍOCHT 9

**Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais reachtúla/rialachaus atá mar bhonn agus thaca le Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirfear iarmhairtí an phróisis sin i bhfeidhm.**

- Tá Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall faoi rialú oibleagáidí reachtúla ábhartha agus trí chruinnithe an Choiste agus cruinnithe na bFochoistí gaolmhara (Boird Bainistíochta, Airgeadais agus Iniúchóireachta, Bord Oideachais Aosaigh agus Fochoiste an Óige). Cuireann an eagraíocht i bhfeidhm iomlán na ngníomhaíochtaí riachtanacha chun a chinntiú go gcloítear leis na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Rinneadh na hiniúchtaí seo a leanas le linn na bliana 2012: rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Cuntais do 2011; Iniúchadh Inmheánach (Ginearálta) ag Aonad Seirbhísí Tacaíochta Gairme (VSSU); Ceardlanna Traenála (2) ar Aistriú Cuntais Bainc Scoil-bhunaithe go ETB; Cigireachtaí Peace III – Comhairle Chontae Dhún na nGall agus SEUPB. Iniúchadh Inmheánach ar rognú agus úsáid foirne ag clár Youthreach agus modhanna imeachta chun earraí agus seirbhísí a fháil agus díol ar a son.
- Bhí aistriú na gCuntas Bainc Scoil-bhunaithe go Bord Oideachais agus Oiliúna thar a bheith tábhachtach sa bhliain 2013.
- Coinníodh cruinniú den Fhochoiste Achomhairc, Alt 29, le linn 2013. Déanann an Fochoiste seo próiseal ar achomhairc in aghaidh Díbirt, Diúltú ar Chlárú agus Cur ar Fionraí i scoil nó coláiste faoin Acht Oideachais, 1998.
- Le linn 2013, chas an Fochoiste Sláinte & Sábháilteachta le chéile go rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Pholasaí Sláinte & Sábháilteachta atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall mar chuid de rialachas corporáideach. Táthar ag ullmhú tuairisc le cur os comhair an Choiste.

# 9.0 RIALACHAS CORPARÁIDEACH – TUARASCÁIL AIRGEADAIS

## 9.0 TUARASCÁIL AIRGEADAIS

### FORBHREATHNÚ

Tá sé mar aidhm ag Feidhm an Airgeadais tacú leis an Choiste i mbaint amach, laistigh den Bhuiséad, na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse. Le Tacaíocht Airgeadais áirítear tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheartaíochtaí agus Freagracht Reachtúil.

## 9.1 FREAGRACHT REACHTÚIL

Tá coinníollacha dochta freagrachta i bhfeidhm do na Boird Oideachais agus Oiliúna. I measc na riachtanas seo, tá ullmhúchán na gCuntas Bliantúil i bhformaid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Iniúchadh na gCuntas sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Córais Rialaithe Airgeadais, bunaithe ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta mionsonraithe, i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na coinníollacha seo agus lena chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna go héifeachtach.

## 9.2 NÓTAÍ TRÁCHTA AR FHEIDHMÍOCHT

Rinne an Rannóg Airgeadais bainistiú agus riarachán ar 90 Buiséad Clár de chaiteachas atarlaithe de €51.05 milliún agus an mhéid céanna de Thograí Caipitiúla, i gcomhar le Rannóg na Bainistíochta Eastát, caiteachas de €l.06 milliún agus ionann le caiteachas iomlán de €52.11 milliún. Chuir an patrún leanúnach boilscithe dúshláin mhóra os comhair lucht na mBuiséad maidir le seachadadh a gcuid seirbhísí.

Siocair gur fhostaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 1,381 ball foirne, le hábhaltachtaí éagsúla, is ceann de na Fostóirí is mó sa Chontae é.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de €1.385 milliún i bhfabhar 228 mac léinn a d'fhreastail ar Choláistí Tríú Leibhéil aitheanta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, ar a n-áirítear 161 mac léinn a d'fhreastail ar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta i Scoileanna Dara Leibhéil ar fud an Chontae.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de €2.2 milliún i bhfabhar Oiliúnaithe a bhí rannpháirteach sna Cláracha éagsúla faoi Sheirbhísí Breisoideachais agus Oideachas Aosach, macasamhail an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil/Youthreach, maraon le réimse leathan cúrsaí curtha ar fáil ar bhonn conartha thar ceann SOLAS.


## 9.3 FÁISNÉIS AIRGEADAIS

Tá Iniúchadh na gCuntas don sé mhí dheireanach de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, a chríochnaigh ar an 30ú Meitheamh 2013, gar de bheith réidh agus beidh deimhniú foirmeálta a fháil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá Achoimre na nÍocaíochtaí don bhliain 2013 leagtha amach sa Tábla thíos:

| **CLÁR** | **CAITEACHAS 2013** | |
|---|---|---|
| | €000 | % |
| **Ginearálta agus Iar-bhunoideachais** (Costais reáchtála 15 Scoil & Coláistí Dara Leibhéal, Ranganna Oíche in Oideachas Aosach agus Oifigí an ETB) | 35,778 | (68.66%) |
| Seirbhísí Breisoideachais & Oideachas Aosach (VTOS, Youthreach, Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Treoirsheirbhís d'Aosaigh, Cúram Páistí, DMEP &rl.) | 9,094 | (17.45%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | 465 | (0.9%) |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn (Scoláireachtaí ETB/Deontais PLC) | 1,386 | (2.66%) |
| Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,014 | (3.86%) |
| Gníomhaireachtaí | 2,319 | (4.45%) |
| Tionscadail Caipitiúla | 1,056 | (2.02%) |
| **Iomlán** | **52,112** | **100%** |


## Coimriú na nÍocaíochtaí do 2013




**Taispeánann breis Anailíse ar Íocaíochtaí 2013 iad seo a leanas:**


| | | |
|---|---|---|
| Pá | €40.40milliún | (77.53%) |
| Neamh-Phá | €6.60milliún | (12.67%) |
| Liúntais Oiliúnaí | €2.20milliún | (4.22%) |
| Deontais Tríú Leibhéal/PLC | €1.38milliún | (2.66%) |
| Seirbhísí Obair Óige | €0.47milliún | (0.9%) |
| Tograí Caipitúla | €1.06milliún | (2.02%) |
| **Iomlán** | **€52.11milliún** | **(100%)** |

## Breis anailíse d'íocaíochtaí 2013



**Briseadh Síos ar Phá 2013**

| | |
|---|---|
| Riarachán | 7.28% |
| Teagasc | 89.54% |
| Cothabháil | 3.18% |




## 9.4 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá glactha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le Cód Dea-Chleachtais Rialachais. Tá an Cód atá glactha leis ag teacht leis an Chód atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gCiorclán F11/05. Tá sé mar chuspóir ag an Cód a chinntiú go gcuireann an Bord Oideachais agus Oiliúna i bhfeidhm na Prionsabail do Rialachas agus Bainistíocht mhaith.

Ó thaobh an Airgeadais de, tá cuidiú ar fáil don phróiseas seo siocair gur ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Fochoiste Airgeadais agus go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais i bhfeidhm.

## 9.5 AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá seachtar Ball Neamfheidhmiúcháin de Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar an Choiste Iniúchóireachta, iad go léir neamhspleách ón Bhainistíocht agus faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jimmy Kavanagh, a toghadh chuig an phost seo ar feadh tréimhse an Choiste. Tá sé de dhualgas ar an Choiste Iniúchóireachta monatóireacht a dhéanamh ar an Choiste i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna agus i gcur dearbhú ar fáil don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas do Rialú Inmheánach.Fuair siad tuarascálacha ón Bhainistíocht, ón Iniúchóireacht Sheachtrach, curtha ar fáil ag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ón Iniúchóireacht Inmheánach, curtha ar fáil ag Aonad na Seirbhísí Gairmthacaíochta (VSSU) ar a n-áirítear athbhreithniú ar na Polasaithe agus na Gnáthaimh a rialaíonn feidhm an Airgeadais agus feidhmeanna eile. Faigheann an Coiste cóipeanna de Mhiontuairiscí Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus cuirtear iad seo san áireamh i nglacadh le Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus ceadú na ngCuntas Bliantúil.

### 9.6 AN FOCHOISTE AIRGEADAIS

Tá ochtar comhalta ar an Fhochoiste Airgeadais, ina measc an Príomhfheidhmeannach i ról Ex-Officio. Tá an fochoiste freagrach as athbhreithniú ar Ioncam/Chaiteachas an Bord Oideachais agus Oiliúna, mórChonarthaí a bhronnann an Bord Oideachais agus Oiliúna agus gnéithe airgeadais a bhaineann leis na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse faoi seach. Cuirtear miontuairiscí an Fhochoiste Airgeadais faoi bhráid an Choiste lena machnamh a dhéanamh orthu agus cuidiú leo a dheimhniú go bhfuil na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse á mbaint amach.

### 9.7 RIALÚ INMHEÁNACH

Tá freagracht foriomlán ar an Choiste le déanamh cinnte go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais coinnithe agus á chur i bhfeidhm. Déanann an Coiste Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú Inmheánach agus ansin faigheann sé Tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta le machnamh a dhéanamh uirthi. Tá an Córas do Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar na Gnásanna Riaracháin mionsonraithe atá i bhfeidhm, ar idirdhealú dualgas, údaraithe faoi leith agus ar athbhreithniú rialta ag an Bhainistíocht agus an Coiste ar thuarascálacha faoi thorthaí Iarbhír agus Buiséadaithe do na Cláracha éagsúla.

### 9.8 Aoisliúntas agus Sochair Scoir

Cuireann Tábla 3.2 síos ar na sonraí oibriúcháin de Rannóg na bPinsin do 2013:
Ainm na Scéime: **An Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas)(Comhdhlúthú), 1998.**

| Tascanna Curtha i gCrích | Sonraí |
|---|---|
| Líon Pinsinéirí sa bhliain 2013 | 7 |
| Líon Iomlán Pinsinéirí | 202 (thuasluaite uileghabálach) |
| Líon na bhfiosrúchán nua sa bhliain reatha | 193 |
| Líon fiosrúchán a próiseáladh | 149 |
| Líon fiosrúchán ag dul ar aghaidh suas go dtí 31/12/2013 | 350 |
| Imlitreacha/ Comhaontuithe Chomhchoiteanna a raibh éifeacht acu ar an Scéim Pinsin (Pen) in 2013. | Tréimse chairde ó 01/07/2012 go 31/08/2013, sínte tuilleadh go dtí an 30/06/2014 |
| Nithe a raibh éifeacht acu ar an ualach oibre | CL25/2008 – ceisteanna leanúnacha ag tarlú. Tascfhórsa PinsinDES/IVEA & cinneacha DOF Scéim Pinsin Aonarach na hEarnála Poiblí w.e.f.01/01/2013 Cur i bhfeidhm, riarachán agus coimeád taifid de réir CL 0007/2013 |

Tábla 3.2 – Mír Pinsin do 2013

## TOSAÍOCHT 10

An sainoilteacht agus na hinniúlachtaí atá ag baill foirne a aithint agus iad a mheaitseáil le heochairscileanna eagrúcháin.

- Rinne roinnt scoileanna & coláistí athbhreithniú ar Phostanna Freagrachta atá ina scoil féin maidir le hoiriúnacht na foirne na dualgaisí sin a chur i bhfeidhm. Iarradh ar bhaill foirne a chur an Clár VTOS ar fáil agus a raibh oilteacht faoi leith acu in ábhair áirithe, iarradh orthu bheith i gceannas ar thionscnaimh faoi leith.

## TOSAÍOCHT 11

Deiseanna foghlama a sholáthar le tácú leis na foirne agus acmhainneacht eagrúcháin a chruthú d'fhonn cáilíocht an tsoláthair oideachasúla a fheabhsú.

Déanann foirne teagaisc i Scoileanna agus Coláistí an Bhoird cúrsaí in-seirbhíse in ábhair éagsúla i rith na bliana go rialta le héascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm forbairtí sa churaclam a ofráiltear do dhaltaí.

Tugann foirne Oideachais Aosaigh seisiúin oiliúna agus eolais ar chláracha aonair, macasamhail Youthreach, maraon le seisiúin oiliúna agus eolais trasearnála ar rudaí ábhartha, macasamhail Dearbhú Cáilíochta FETAC.

Lena chois sin, spreagtar foirne ar fud na heagraíochta a gcuid spriocanna agus uaillmhianta féin a leanúint trí Fhoghlaim ar feadh an tsaoil, á éascaíonn caighdeán níos airde de sholáthar oideachais agus tacaíochta ar fud na heagraíochta.


Sa bhliain 2013, d'éirigh le baill foirne cáilíochtaí a fháil i réimsí éagsúla, ina measc:

- Cleachtais Athshlánaithe san Oideachas
- Ceannaireacht Theagasach
- Ceannaireacht san Oideachas
- Pleanáil agus Forbairt Scoile
- Traenáil i gCosaint Leanaí
- An Ghaeilge
- Cúram Tréadach


**Deiseanna foghlama a sholáthar le tácú leis na foirne agus acmhainneacht eagrúcháin a chruthú d'fhonn cáilíocht an tsoláthair oideachasúla a fheabhsú.**

- Déanann an graf thíos achoimre ginearálta ar an chineál tacaíochta a tugadh do bhaill foirne i rith 2013.
- Ta siad seo a leanas i measc an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar Theagasc agus Foghlaim:

| | |
|---|---|
| Oiliúint dion Oiliúnóir, FETAC Leibhéal 6 (VTOS) | Cúrsaí In-seirbhíse faoi Shainordú Náisiúnta |
| Cosaint Páistí (Comhpháirtíocht Ceoil) | Soláthar ASD |
| Ceannaireacht Theagasach | Meabharshláinte agus Strus |
| Oiliúint FETAC Leibhéal 3 | Measúnacht FETAC |
| Inspreagadh do Mhic Léinn | Frithbhulaíocht |
| Oiliúint LCA | Comhiomlánú ar Litearthacht |
| Ríomh-fhoghlaim | A.S.I.S.T. |
| Ag Bainistiú Seomra Ranga | Garchabhair Oibre |
| Feasacht ar Chomhionannas | Oiliúint in NLP (Foghlaim don Bheatha) |
| Traenáil i Sláinte & Sábháilteacht | Scileanna Stiúrtha (Comhphairtíocht Ceoil) |
| Oiliúint in NFET (Fiontraíocht) | Oiliúnt i Sláinte Gnéis |
| Oiliúint do 'Girls Active' (FSS) | Cleachtais Athshlánaíocha |
| Traenáil do Bhord Roghnúcháin | Traenáil i mBíog Díola |
| Úsáid Substaintí | Traenáil do Chomhairle na Mac Léinn/Foghlaimeoirí |




Lena chois sin, bhain baill foirne amach cáilíochtaí i roinnt réimsí, ina measc:



## TOSAÍOCHT 12

**A bheith mar eagraíocht inniúil chomhionannais**

- Bunaíodh Grúpa Oibre le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Chomhionannais do Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall agus nuair a bheas an Dréacht-Pholasaí um Stádas Comhionannais curtha i gcrích, cuirfear chuig an choiste é lena dhaingniú.
- Déanann foirne Youthreach feasacht ar cheisteanna comhionannais ar a n-áiritear frithchiníochas agus seicteachas.
- Tá Polasaí Iontrála oscailte trédhearcach ag gach Scoil agus Coláiste faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Tá rochtain comhionann ar gach ábhar ag iomlán daltaí atá ag freastal ar Scoileanna agus Coláistí Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Chomh maith leis sin, ofrálann mórán Scoileanna agus Coláistí de chuid an Choiste 'blaiseadh' ar iomlán na hábhair nua do dhaltaí na chéad bhliana ar feadh tréimhse ama sula ndéanann siad a gcinneadh deireanach ar rogha abhair don Teastas Sóisearach. Cuireann Scoileanna agus Coláistí cuimsitheacht chun cinn agus déantar rochtain oscailte a ofráil do gach ábhar nua.

## TOSAÍOCHT 13

**Straitéisí a chur i bhfeidhm chun na gnéithe diúltacha d'aighneas a theorannú.**

- Tá go leor oibre ag dul ar aghaidh i Scoileanna, Coláistí agus Ionaid chun aighneas a réiteach. Tá cur chuige do Cheartas Athshlánaíoch tugtha isteach ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Táthar ag cur treanáil ar fáil ag súil go mbeidh sé seo dingthe go hiomlán ar fud na heagraíochta.

- **An Fócas ar Chleachtas Athshlánaíoch**
  - Sa bhliain 2011, fuair CGO Dhún na nGall maoiniú de ?100,000 ó Chlár Síochán III ar mhaithe le togra dhá bhliain a reáchtáil chun cleachtas athshlánaíoch a chur i réim i scoileanna iar-bhunoideachais, ionaid Ógtheagmhála agus eagraíochtaí um obair óige ar fud an Chontae. Bhí Contae Dhún na nGall rannpháirteach ina leithéid de chleachtas le mórán blianta agus anois tá deis ar dóigh curtha ar fáil ag Peace III don Chontae d'fhonn Dún na nGall a bheith aitheanta mar Chontae Athshlánaíoch do dhaoine óga agus an cleachtas seo a dhaingniú.
  - Tá trí eilimint i gceist sa togra— traenáil, taighde agus gníomhaíocht eagraíochta. Tá na cúig ionad Cumasóige, maraon le ceithre scoil dhéag iar-bhunoideachas (ina n-áirítear ochtar de chuid an CGO: (Coláiste Cranncha; Coláiste an Earagail; Coláiste Ghleann Fhinne; Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir, agus Coláiste na Maoile Rua), rannpháirteach sa togra in éineacht le Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige ar mhaithe le cleachtas athshlánaíoch a neadú ina gcuid ionad sa dá bhliain amach romhainn.

- I mí na Samhna 2011, d'fhreastail céad ball foirne ó na heagraíochtaí rannpháirteacha ar chúrsa traenála a d'eagraigh an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, chun cur ar a gcumas úsáid níos fearr a bhaint as Cleachtas Athshlánaíoch ina gcuid oibre. Tá an taighde, atá a dhéanamh fosta ag an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, i bhfách lena dheimhniú cá háit a bhfuil Scoileanna, Coláistí agus Ionaid, maraon le seirbhísí don aos óg, i dtaca le húsáid Cleachtas Athshlánaíoch mar mhodh réitigh aighnis agus caidreamh a athbhunú, agus modh measúnachta a fhorbairt don dul chun cinn le linn tréimshe an tionscadail.
- Bhí siad seo a leanas i measc na n-ábhar a clúdaíodh sa taighde: leibhéil eisiaimh, freastail agus neamhláithreachta, eachtraí bulaíochta, ciníochas, drochiompraíocht, úsáid drugaí, íde béil/fisiceach. Sa bhliain 2013, beidh ar a gcumas maoiniú measartha a fháil chun é a úsáid mar a mheasann siad a bheith riachtanach d'fhonn an cleachtas a dhaingniú ina gcuid áiteanna go léir i measc na bhfoirne agus na ndaoine óga. Cuirfear críoch leis an tionscadal ag comhdháil clabhsúir, ag a ndéanfar an fhoghlaim ón tionscadail a roinnt, i mí na Bealtaine 2013.

## TOSAÍOCHT 14

**Cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge**

Mar is dual do Bhord Oideachais & Oiliúna atá ag freastal ar cheantar mór Gaeltachta, lean an Bord ar aghaidh ag ag bisiú a éifeacht agus a acmhainn sa bhliain 2013.

De réir Alt II d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, bhí an Bord in ainm an tríú Scéim a ullmhú agus a chur faoi bhráid. Ach de bharr na hathruithe móra earnála a bhí ag tarlú, d'athraigh an fócas go mall sa bhliain 2013 d'ullmhúchán Scéim don aonán úr, Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall.

## TOSAÍOCHT 15

**Forbairt a dhéanamh ar choráis bainistíochta coimhlinte san eagraíocht a chuireann sa chuntas modhanna malartacha de réiteach coimhlinte**

- Le mórán blianta, tá ETB Dhún na nGall ag moladh modhanna malartacha chun coimhlint a réiteach. Cuirtear na prionsabail, Idirghabháil agus Ceartas Aisiríoch, i bhfeidhm nuair a tharlaíonn coimhlint san eagraíocht, do Bhaill Foirne agus do Dhaltaí.

- Tá na príomhbhaill foirne cáilithe mar Eadránaithe. Tá paineál inmheánach d'Éascaitheoirí ar Réiteach Coimhlinte ag an Choiste chomh maith le gréasán seachtrach de chleachtóirí Éadránaithe agus Comhairleoirí proisfisiúnta.

- (Clúdaítear an t-ábhar seo i dTosaíocht 13 chomh maith)

## TOSAÍOCHT 16

**Athshainiú ar struchtúir eagrúcháin agus thosaíochtaí agus solúbthacht a chur chun cun i ndáil le rólanna post chun freastal ar na riachtanais athraitheach**

Cuireann an Rannóg Acmhainní Daonna i mBord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall ar fáil tacaíocht tré cheithre réimse oibre ar leith, siad sin:

- Riarachán Acmhainní agus Saoire
- Earcú agus Roghnúchán
- Feidhmíocht Ghinearálta Acmhainní Daonna
- Aoisliúntas/Pinsin

Reachtaíocht Chosanta, ar a n-airítear na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Páirtaimseartha), 2001, & (Oibrithe ar Théarma Seasta), 2003, agus mar iarmhairt air sin, lean na comhaontaithe comhchoiteannna ar aghaidh ag cuir tionchar suntasach ar fheidhmíocht Achmhainní Daonna i rith 2013.

| Poist | Líon Post |
|---|---|
| **Príomhoide** | 1 |
| **Leas-Phríomhoide** | 1 |
| **Múinteoirí (PRPT)** | 27 |
| **Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile & an Pobail** | 1 |
| **Múinteoir Teagmhala um Iompar Dearfach** | 2 |
| **Cúntóirí Riachtanais Speisialta** | 6 |

**Tábla 1.1 Poist Líonta in 2013**

Maraon leis an méid thuasluaite, baintear úsáid as na hacmhainní chun poist ócáideacha agus neamhócáideacha a líonadh sna Scoileanna/Coláistí/Ionaid an Bhoird. Líonadh fiche naoi post dá gcineál trí Earcú agus Roghnúchán sa bhliain 2013.

**Foireann Teagaisc**
I mí Dheireadh Fómhair gach bliain, cuirtear tús le próiseas ina sainmhínítear an líon múinteoirí do scoileanna dara leibhéal, nuair a chuirtear leithdáileadh táscach de mhúinteoirí, bunaithe ar an líon dara leibhéal cláraithe don bhliain roimhe sin, chuig gach Scoil/Coláiste dara leibhéal. Deonaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) breis leithdháileadh múinteoirí mar a leanas:

- An próiseas achomhairc chuig Leithdháileadh Bunaigh an DES mar thoradh ar iarratais mionsonraithe ó gach scoil/coláiste i ndáil le heasnaimh criticiúla sa churaclam; bíonn an próiseas seo ag dul ar aghaidh ó Feabhra go Meitheamh.
- Iarratais ar acmhainní a bhaineann le riachtanais speisialta, daltaí an Lucht Siúil agus daltaí nach náisiúnaithe iad.
- Breis iarratais a bhaineann le huaireanta cúiteacha do Phost an Comhordaitheora Cláir agus Stiúrthóirí Oideachais Aosaigh, lámhaltais curaclaim agus Cláracha PLC.
- Leithdháiltí a nochtann ó chláracha macasamhail an Clár Críochnaithe Scoile agus DEIS.

I mí Mheán Fómhair 2012 (an scoilbhliain 2012/2013) ba é 393.77 an cóibhéis lánaimseartha de Leithdháileadh Múinteoira a bhí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

**Foireann Riaracháin**
Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna léithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhonn seo leanas:

- an foirmle comhaontaithe atá i dTuarascáil Rochford agus an comhaontú ina dhiaidh sin ar leibhéil na bhfoirne riaracháin sna Boird Oideachais agus Oiliúna, agus

- ar bhonn cláir.

Cuirtear tuairiscí ráithiúla chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ar a leibhéal feidhmíochta formeasta maidir le seo.

Bhí seachtó mball foirne riaracháin fostaithe in ionaid, coláistí, scoileanna agus in ardoifig an Bhoird le linn 2013. Is é 7.28% den bhuiséad pá foriomlán an leibhéal de bhaill foirne riaracháin.

**Foireann Tacaíochta**
Cionroinntear foireann tacaíochta ar bhonn líon agus méid na scoileanna/ionaid agus an caighdeán / cumas na cóiríochta a úsáidtear i ngach cás. Bhí caoga ball foirne tacaíochta fostaithe in ionaid, coláistí, scoileanna agus in ardoifig an Bhoird in 2013. Is é 3.18% den bhuiséad foriomlán an leibhéal de bhaill foirne tacaíochta.

**Cothromaíocht Oibre/Saoil agus Teidlíocht Saoire na Foirne**

Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall riachtanais agus dualgais phearsanta na foirne agus, áit ar bhith gur féidir é laistigh de threoracha ábhartha, tugann sé teidlíochtaí saoire éagsúla le freastal ar an chineál sin riachtanas do theidlíochtaí saoire a ndearnadh próiseáil orthú do bhaill foirne le linn na bliana 2013.

| | |
|---|---|
| Saoire Mháithreachais | 40 |
| Saoire Thuismitheoireachta | 16 |
| Iasachtaí | 3 |
| Saoir Chúramóirí | 1 |
| Postroinnt | 30 |
| Comhroinnt Oibre | 7 |
| Sos Gairme | 7 |

I measc chothabháil d'iomlán tuarascálacha eile foirne, áirítear neamhláithreacht foirne de bharr tinnis, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan pá agus an uasghrádú de chomhaid phearsanta de réir riachtanais iniúchoíreachta/eagraíochtúla.

In Ionad Oideachais Allamuigh i nGartan, aithnítear gurb é solúbthacht an bealach is fearr agus aithníonn gach ball foirne go bhfuil cultúr solúbthachta i ngach jab agus aontaíonn siad leis.

# TOSAÍOCHT 17

**Straitéis comhtháite do Theicneolaíocht Faisenéise & Cumarsáde (TFC) a fhorbairt do Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall**

- De bhrí go bhfuil an fócas anois ar theicneolaíocht agus ar néalríomhaireacht, shocraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall uasghrádú a dhéanamh ar a infreastruchtúr TFC agus tugadh isteach Wi-Fi Fiontair. Cuireadh an togra seo i bhfeidhm go céimneach i dtrí phas, le pas a 3 a chríochnú i mí na Nollag 2014.
- Cuireann Wi-Fi Fiontair ar fáil an t-infreastruchtúr teicniúil a chuirfeas gléasanna le hinrochtaineacht néalríomhaireach móibíleacha ar fáil in iomlan ár gcuid scoileanna agus ionaid.
- Mar chuid den togra seo, rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall larnú ar Chomhadlann Ghníomhach agus ar an dóigh sin ag ceadú rochtain níos bainistithe ar fíordheimhniú an úsáideora.
- Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ríomhphoist a chur chuig gach dalta. Anois, déanann muid bainistiú ar chuntais ríomhphoist do 1500+ ball foirne agus 6000+ dalta. A bhuí do chuntais ríomhphoist na ndaltaí, tá caidreamh i bhfad níos fearr idir an múinteoir agus an dalta, leis an fheidhmiú céimneach ar iarratais macasamhail Tiomántán agus Seomra Ranga. Ní bheidh sé i bhfad go bhfeicfidh muid ríomhphost dalta a úsáid chun úsáideoirí a dheimhniú ar ghléasanna mhóibhíleacha ar ár ngréasáin.
- Tá coimisiniú déanta ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar shuíomh gréasáin úr a chomhcheanglóidh an Clár agus an Córas Tacaíochta don Fhoghlaimeoir (PLSS) agus a chuirfeas ar fáil cuardach éasca ar chúrsaí do dhaltaí ionchasacha.

## TOSAÍOCHT 18

**Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn chun tacú le forbairtí i dteagasc agus i bhfoghlaim, bainistiú faisnéise agus cumarsáid agus comhoibriú.**

- In 2013, d'úsáid cláracha agus seirbhísí na Scoileanna, na Coláistí agus na nIonad réimse teicneolaíochtaí nua, nó a bhí chun cinn, i dteagasc agus i bhfoghlaim, i mbainistiú faisnéise agus i gcumarsáid agus comhoibriú.
- Rinneadh infheistíocht mhór in TFC sna réimsí seo a leanas. Ceannaíodh:-
- Teilgeoirí nua sonraí (Coláiste na Carraige, Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste Cranncha, Gairmscoil Mhic Diarmada, Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste na Maoile Rua);
- Cláir Bháin Idirghníomhacha (Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste an Earagail)
- Amharcléiritheoirí (Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste na Daoile, Coláiste an Earagail, Coláiste na Maoille Rua)
- PCanna agus ríomhairí glúine (Coláiste Chineál Eoghain, Gairmscoil Mhic Diarmada agus Gairmscoil Chú Uladh).
- I measc na hinfheistíochtaí eile, bhí cur isteach Córas ePortal (Coláiste na Daoile, agus Coláiste Pobail Bhun an Phobail).
- Rinneadh forbairt do bhaill foirne ar úsáid TFC agus bhlagáil agus ar chomhtháthú TFC isteach i dteagasc agus i bhfoghlaim i réimse áiteanna: (Coláiste Ailigh, Gairmscoil Mhic Diarmada, Magh Éne, Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Coláiste Phobail Colmcille, Gairmscoil Chaitríona agus Coláiste Ghleann na Finne)
- Cuireadh tús le húsáid ríomhthuairiscí i gcúpla áit (Coláiste Cranncha).
- Cuireadh tús le húsáid Cat 6 Cabling go dtí PCanna gréasáin i gColáiste na Daoile
- Tá seirbhís iomlán Wi-Fi anois ag Coláiste Ghleann na Finne.

- Rinneadh tuilleadh forbartha agus baineadh níos mó úsáide as a suíomh gréasáin scoile i gcúpla áit (Coláistí an Earagail agus na Maoile Rua), agus chuir Coláiste an Earagail isteach cláir fógraíochta leictreonacha in áit chúrsaíochta na ndaltaí agus i seomra na mball foirne.

- Thug Ambasáid na Polainne maioniú do Choláiste an Earagail faoi choinne Cineama Scoile le húsáid do ranganna Polannach sa Scoil Domhnaigh agus ag pobal an Cloláiste.

- Ghlac daltaí ó Choláiste Phobail Colmcille páirt i gcúrsa sna Meáin inar fhoghlaim siad an dóigh le ceamara a úsáid, an dóigh le cláracha a phleanáil, a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu don teilifís agus don raidió.

- Sa tSeirbhís Oideachas Aosaigh, thug na cláracha TFO (Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachais), Foghlaim don Saol agus Cumasóige isteach córas úr bunachar sonraí chun iomlán eolais ar mhic léinn a bhí páirteach sna cúrsaí sin a fháil go cruinn agus athchóiriú a dhéanamh ar na riachtanais casta tuarascála ar chuid de na cláracha.

- Rinne an Treoirsheirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ar chur chuige nua do thástáil suime agus ábhaltachta, bunaithe ar TFC, maidir le rogha gairme, agus ag an am céanna leag VTOS níos mó béime ar fhoilsiú faisnéis bunriachtanach ar dhoiciméid ar shuíomh gréasáin an Bord Oideachais agus Oiliúna. Fuair baill foirne roinnt traenála ar úsáid na teicneolaíochta san oideachas.

- Rinne Ionad Oideachais Allamuigh Ghartan forbairt ar Chúrsaí GPS agus cuireadh GPS san áireamh, má bhí sé oiriúnach, i gcúrsaí loingseoireachta taobh amuigh.

- Bhain an tSeirbhís Oideachais Ceoil úsáid as Macs chun Saothar Ceoil, Taifeadú agus Teicnicí Eagarthóireachta a theagasc i gCúrsaí Samhraidh In-seirbhíse do Mhúinteoirí agus i rith Scoil Cheoil Dhún na nGall an tSamhraidh.

## TOSAÍOCHT 19

Straitéis chaidreamh poiblí forchéimnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall.

- Ceann de na spriocanna faoin Phlean Oideachais chúig bliana don Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ab ea forbairt a dhéanamh ar straitéis fhollasach chúig bliana do chaidreamh poiblí sa bhliain 2012 trí Grúpa Oibre Próifíle agus Brandála.
- Sa bhliain 2013, lean Scoileanna, Coláistí agus Seirbhísí ar aghaidh lena mbolscaireacht chaidreamh poiblí féin chun a bpróifíl a fhorbairt agus a chur chun cinn trí na bealaí seo a leanas:

- Altanna Rialta sna meáin áitiúla
- Aonach Bliantúil Oideachas Aosaigh
- Suíomhanna gréasáin na Scoileanna, Coláistí agus Ionaid agus trí shuíomh gréasáin baile Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
- Irisí aonaracha na Scoileanna, Coláistí agus Nuachtlitreacha Youthreach le pobail áitiúla a chur ar an eolas fá imeachtaí agus gníomhaíochtaí
- Óicheanta oscailte do Thuismitheoirí agus Mic Léinn ionchasacha
- Ceolchoirmeacha Scoile agus Coláiste a húsáideadh i ngach ceann de na soláthraithe dara leibhéal.

## TOSAÍOCHT 20

Tógáil ar chaidreamh le páirtithe ábhartha, ina measc eagraíochtaí pobail, deonacha, reachtúla, trasteorann agus eagraíochtaí gnó, le hoibriú i dtreo spriocanna comhroinnte.

- I rith 2013, lean gach Scoil agus Coláiste ag obair le réimse comhpháirtíochtaí áitiúla agus náisiúnta, ina measc PDST, FETAC, HSE, SESS, NCSE, NEPS, NEWB, Fóram na Mílaoise, na Cláracha KEY & LET, Éacht Shóisearach, Gaisce, Dámhachtainí John Paul II, Cumainn Tuismitheoirí, Ionad na mBan, Leitir Ceanainn, Fondúireacht Bluestack, Downstrands, Comhlachtaí Páirtíochta, Ionaid Acmhainne Teaghlaigh, Ionaid Lae áitiúla, Naomh Uinseann de Pól, Na Sámáraigh, Ógras, Conradh na Gaeilge, GaeLinn, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Gaelscoileanna Teo, Fóras na Gaeilge.
- Neartaigh roinnt áiteanna a gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí; mar shampla chuir Coláiste an Earagail roinnt cúrsaí ar fáil do thuismitheoirí, ar a n-áirítear ranganna i nGaeilge, i gCócaireacht, Cónaí le Déagóirí agus Ceartas Aisiríoch.
- Bhí roinnt scoileanna rannpháirteach sa Chlár Críochnaithe Scoile áitiúil (Coláiste na Maoile Rua) agus leis na teagmhálaithe do Idirchaidreamh Baile & Críochnaithe Scoile (HSCL) agus fosta ag nascadh le eagraíochtaí óige éagsúla, ar a n-airítear Lárionaid Eolais don Ógra agus an Loft, clubanna spóirt agus Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall.

- Bhí Coláiste Gleann na Finne i gceartlár na forbartha de riachtanais speisialta oideachasúla. Bhí cur chuige comhtháite le Síceolaí Oideachasúil ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíocha Oideachais (NEPS), Síceolaí Oideachasúil an ETB agus Múinteoirí thar a bheith réamhghníomhach.
- I bhfoirgneamh úr an Choláiste, tá an Rang ASD i gceartlár saol na scoile. Bíonn na daltaí rannpháirteach go rialta in imeachtaí tiomsithe airgid do charthanachtaí seachtracha.

- Rinne Coláiste Phobail Colmcille an chéad theagmháil le scoil i d'Tír Eoghain ar mhaithe le hiargúltachta an oileáin a úsáid trí fhíschomhdháil. Lena chois sin, lean sé ar aghaidh lena chomhoibriú dlúth le Lasair, comhlacht a chuireann chun cinn imeachtaí cultúrtha, ceol, tince agus amhránaíochta.

- Leanadh de bheith ag cur le réimse de chomhpháirtíochtaí trasteorann. Mar shampla, d'fhreastail Coláiste Chineál Eoghain ar chomórtaisí i Lumen Christi i nDoire, sa Chúltarlann i nDoire, Leabharlann Chathair Dhoire, caint phoiblí agus díospóireachtaí le Cumann Gaelach Chnoc na Ros agus Sentinus.
- Chomhoibrigh roinnt Scoileanna agus Coláistí le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, Gairmscoil Mhic Diarmada san áireamh atá nasctha le Scoil Ghearmánach in Winnipeg, atá in aice le Hanover, agus chiallaigh sá seo gur fhreastail roinnt Scoláirí Gearmánacha ar an scoil uair amhain eile in 2011.
- Bhí Gairmscoil Chú Uladh rannpháirteach i gClár Comenius agus i gClár Staidéir Eorpacha.

- Laistigh de Sheirbhís an Oideachais Aosaigh, chuir an tIonad Traenála TF ar fáil FETAC Leibhéal 4 i Scileanna TF mar chuid den Chlár Oiliúna d'Oibrithe Deonacha atá ag Comhlacht Forbartha Áitiúla Dhún na nGall (DLDC).

- Tá caidreamh láidir cruthaithe le mórán blianta ar an chlár BTEI le roinnt gníomhaireachtaí, ina measc an dáréag Ionad Acmhainne Teaghlaigh ar fud an Chontae, Cláracha Forbartha Pobails, Comhlachtaí Páirtíochta Áitiúla, FÁS, Údarás na Gaeltachta agus an Scéim Sóisialta Tuaithe. Mar thoradh air sin, tá earcú ina chur chuige comoibritheach agus chruthaigh na nascanna láidre seo iontach luachmhar le chomh maith agus a d'éirigh le soláthar for-rochtana BTEI.

- Tá nascanna ag Oideachas Pobail le cuid mhór páirtithe agus tá rathúlact an chláir deimnithe ag a leitheid de nascanna. I measc na samplaí sin tá FÁS, FSS, Údarás na Gaeltachta, Ionaid Acmhainne Teaglaigh, Comhlachtaí Páirtíochta, rannóg na mBan agus go leor tionscadail pobail maraon le tionscnaimh trasteorann macasamhail Infreastruchtúr Forbartha Cumarsáide na mBodhar agus Mná sa tSaol Poiblí.

- Lean an tAonach Foghlaimeora do Dhaoine Fásta, 2013, eagraithe ag an Treoirsheirbhís do Fhoghlaimeoirí Fásta, ag cur le rathúlacht na mblianta roimhe sin agus thug sé le chéile soláthraithe oideachais pobail, deonacha, reachtúla agus trasteorann le heolas oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine fásta i nDún na nGall.

- Laistigh den chlár Foghlaim don Saol, d'fhoilsigh comhpháirtíocht trasteorann idir Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt i nDoire, d'fhoilsigh an Togra um Nascanna Stairiúla leabhar scríbhneoireachta story ó rannpháirtithe ó Dhúiche an tSratha Báine agus Oirthear Dhún na nGall, darbh ainm Them Were the Days a lainseáil Mr Joe Mahon a bhfuil cáil air mar údar an leabhar Lesser Spotted Ulster.

- Lean VTOS ar aghaidh lena chaidreamh maith le fostóirí a bhuí do shocrúcháin oibre.

- Lena chois sin, lean Cumasóige ar aghaidh ag tógáil ar a chuid páirtíochtaí sa bhliain 2013. Bhí Comhordaitheoir Cumasóige an Chontae ina bhall den Choiste Pleanála ar fud an chontae, ar éirigh leis an Tionscadal Jigsaw (Meabharshláinte an Óige) a fhorbairt don Chontae.

- Laistigh den tSeirbhís Oideachais Ceoil, tá réimse comhphairtíochtaí ann, ina measc Ionad Oideachais Dhún na nGall, an Lárionad Réigiúnach Cultúrtha, an Clár um Ealaín Phoiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Oifig Síochán III i gComhairle Chontae Dhún na nGall, Scoil Samhraidh Ceoil Dhún na nGall, ITLC, Cumann Ceolfhoireann Óige na hÉireann, Banna Práis Naomh Iósaf, Srath Bán, Banna Píob na nGarbhchríoch an Bhréadaigh agus IFI/an Chomairle Forbarta Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

- **Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh**

  Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag obair i bpáirtíocht le Feidhemeannas na Seirbhísí Sláinte (Iarthar), An Fóram Alcóil, Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthuaiscirt agus Ollscoil Luimhnigh ar mhaithe le tionscnaimh oideachais agus oiliúna ar Alcól agus drugaí eile a chur ar fáil i Réigiún an Iarthuaiscirt. Cuireann na cúrsaí seo ar fáil feabhsú ar an eolas, le forbairt phearsanta agus ghairmiúil ar thús cadhnaíochta sa chlár. Cuireadh cúrsaí ar Idirghabháil Scagthástála agus Gearr-Idirghabhála, Dé-fhathmheas, Agallóireacht Inspreagtha, agus Staidéir Drugaí agus Alcóil Ollscoil Luimnigh ar fáil do dhaoine gairmiúla agus daoine neamhghairmiúla a bhí réamhghníomhach i saincheisteanna alcóil agus drugaí eile. Tagann na céimithe ó réimse earnálacha, macasamhail síciatracht, leigheas, altracht, obair shóisialta, oideachas, sláinte, ceartas, agus an pobal agus oibrithe deonacha.

## 1. Seirbhísí Síceolaíocha san Oideachas

- Leanann an t-seirbhís ar aghaidh le dlúth chomhoibriú le mórán seirbhísí eile agus rinneadh dícheall tógáil ar nascanna oibre chun éascú a dhéanamh ar obair i dtreo comhspriocanna. Bíonn cruinnithe rialta leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) faoi choinne pleanáil agus athbhreithniú ar an obair i Scoileanna agus Coláistí an EPS i gcomhar le bainistíocht an Bord Oideachais agus Oiliúna. Chomh maith leis sin, thug NEPS ranníocaíocht do Ghréasán SEN (Riachtanais Speisialta Oideachais) do scoileanna an Bord Oideachais agus Oiliúna.
- Tá caidreamh maith oibre ag an t-seirbhís fosta le seirbhís CAMHS, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, go háirithe i ndáil le daoine óga leochaileacha a fhreastalaíonn ar ionaid Youthreach.
- Oibríonn an t-seirbhís go dlúth le BNLO (Bord Náisiúnta um Leas Oideachais) le héascú a dhéanamh, nuair is gá, ar aistriú dhaoine óga leochaileacha ó scoileanna isteach in Ionaid Cumasóige agus tugtar tacaíocht do na haistriúcháin seo.

# TOSAÍOCHT 21

**Struchtúir feabhsaithe d'fhorbairt, imeascadh agus tacaíocht do Sheirbhísí Óige ar fud an Chontae a chur ar fáil.**

**Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta d'Obair Óige (NQSF)**

Is uirlis tacaíochta agus forbartha é an Chreat do Chaighdeáin Náisiúnta Cáilíochta (NQSF) d'earnáil Obair Óige a chuireann ar fáil creat struchtúrach trínar féidir Obair Óige a fheabhsú i nDún na nGall. Is é príomhaidhm an NQSF ná athbhreithniú agus measúnacht a dhéanamh ar obair óige agus cuidiú le forbairt leanúnach, agus is dóigh é trínar féidir le daoine óga "a éifeacht a thaispeáint níos fearr agus cleachtadh a bhisiú". Ar mhaithe le hobair óige den scoth a dheimhniú, tá sé tábhachtach oibriú ó chur chuige, bunaithe ar fhianaise, ag úsáid cláracha eolasacha chun riachtanais na ndaoine óga a shásamh. Tá Bliain 3 den phróiseas curtha i gcrích ag dhá Eagraíocht Óige: Tionscadal Forbartha an Óige darbh ainm DECK, a reáchtáil Foróige; Obair d'Ógra Éireann: Seirbhís Óige Dhún na nGall. Tá Bliain 2 curtha i gcrích ag Involve, an Ógeagraíocht do Lucht Siúil Óga atá lonnaithe i nDún na nGall. Cuireadh Tuarascála Dul Chun Cinn i gcrích agus tugadh iad don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ghlac na hÓgeagraíochtaí agus na Clubanna go fonnmhar le NQSF, rud a chruthaíonn go bhfuil siad tiomnaithe do sholáthar agus do chleachtas dearfach a bhuí d'fheabhsú agus d'fhorbairt leanúnach.

**Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta do Chubanna Óige (NQS)**

Tá sé tábhachtach go gcloítear le caighdeáin cáilíochta sa dóigh go mbeidh níos mó fáil ar mhaoiniú agus go mbeifear ábalta níos mó seirbhísí túslíne a chur ar fáil do dhaoine óga. Tá gá le ról láidir maoirseachta lena chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht caighdeán sa tsoláthar de cháilíocht mhaith do dhaoine óga agus dá bpobail. Measann na rannpháirtaithe go bhfuil fíorchaidreamh gníomhach laistigh den NQS ríthábhachtach chun na riachtanais cinnte a aithint agus na seirbhísí cearta a chur ar fáil. Chuige seo, beidh gá le maoiniú cóir d'acmhainní, oiliúnt do cheannairí, costais reáchtála agus costais clár. Ar an tséala sin, beifear ag súil le tuilleadh maoiniú a fháil do na riachtanais seo agus na saincheisteanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, rud a chuideoidh le soláthar d'obair óige den scoth. Bhí baint ag an Oifigeach Óige i bhforbairt NQS do na Clubanna Óige, tacar caighdeán do ghrúpaí agus clubanna óige faoi stiúir daoine deonacha. Tabharfaidh na Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta seo do Ghrúpaí Óige, faoi stiúir daoine deonacha, an deis do ghrúpaí daoine óga a dtiomantas do dhea-chleachtas a thaispeáint agus do sheachadadh cláracha agus imeachtaí den chéad scoth do dhaoine óga.

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board

**An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

Tá an Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas gníomhach le hEagraíochtaí Óige i nDún na nGall a bhuí do Chomhairle Chontae Dhún na nGall / Bord Forbartha Contae Dhún na nGall / Comhpháirtíocht Síochána Dhún na nGall. Eagraítear Clár Oiliúna Idirchultúrtha, Ilchineálachta, Saoranachta agus Comhionannais d'eagraíochtaí Óige i gCo. Dhún na nGall. Fuair na rannpháirtithe feasacht agus oiliúnt san acmhainn ar a dtugtar Tionscnamh Síochána Dhún na nGall; tá níos mó tuigbheála agus feasachta acu ar chiníochas agus a thionchar, agus tá sé ar á gcumas cur i gcoinne a ndearcadh féin ar chiníochas, seicteachas & glacadh le difríocht & cultúr. Tá an tOifigeach Óige ina bhall den Grúpa Oibre ar Chleachtas Athshlánáíóch do Scoileanna, Ionaid Youthreach agus Eagraíochtaí Óige i nDún na nGall. Tacaíonn Clár Peace III leis na tograí seo, atá á mbainistiú do Chomhlacht na gClár Speisialta AE ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

**Coiste Seirbhísí Páistí Co Dhún na nGall**

Tá na Coistí do Sheirbhísí Páistí freagrach as beatha na bpáistí agus a dteaghlaigh a fheabhsú ar leibhéal áitiúil agus pobail, a bhuíochas do phleanáil, oibriú agus seachadadh seirbhíse comhtháite. Tá sé mar aidhm na Seirbhísí a imeascadh níos fearr sa dóigh go mbeidh torthaí níos fearr do pháistí agus do dhaoine óga. Tá an tOifigeach Óige ina bhall de Mheabhairshláinte Óige Dhún na nGall, Foghrúpa Rannpháirtíochta an Óige, Tionscadail Jigsaw Dhún na nGall, Lárionad Meabhairshláinte Óige do dhaoine óga agus tacaíonn sé le forbairt, cur i bhfeidhm agus seachadadh an Tionscadail Jigsaw i nDún an nGall, mar shampla clár oiliúna do na daoine óga ar an Phainéal Comhairleach don Óige. Tá an tOifigeach Óige ina bhall de Safe and Secure agus foghrúpaí Oideachais agus Foghlama.

**Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (LYCGS)**

Rinneadh riarachán ar ?42,312 i ndeontais bheaga do 82 Club/Grúpaí Ógra, ina raibh 5,406 duine óg agus 1,105 ceannairí deonacha ar fud an chontae, faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla faoi choinne gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachais; costais reáchtála, riarachán, traenáil ceannairí, ceannacht trealaimh agus cláracha speisialta oideachais agus oiliúna. Tá an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla mar aitheantas ar an réimse ilchineálach de chlubanna/grúpaí óige deonacha atá ann agus bristear suas é in dhá chatagóir: Deontas Club d'Obair Óige agus Deontas Club do Ghníomhaíocht Óige. Bá iad seo an cineál cláir agus gníomhaíochtaí: Iompar, Ceol, Tacaíocht d'obair bhaile, Dráma, Ealaíon, Oiliúint do Cheannairí, Cur chun cinn Sláinte, Fiontraíocht, Idirchultúrachais, Comhionannas, Síocháin & Athmhuintearas, Forbairt Spioradálta, Forbairt Phearsanta, Cócaireacht, Imeachtaí Oideachasúla agus Caitheamh Aimsire, Cosc ar Dhrugaí & Alcól agus Ceardlanna Oideachais, Caifé don Óige/Siúil Isteach, tionscadail éagsúla, cúrsaí oiliúna, agus imeachtaí cultuír is teanga.

Tá mórán buntáistí praiticúla ón LYCGS do chlubanna/grúpaí óige. Is iad seo cláracha oideachais, fiontraíochta agus oiliúna. Iompar chuig imeachtaí agus cuairteanna idirchlub. Cuimsíonn na costais reáchtála cíos agus árachas. Foghlaimítear scileanna úra ar mhaithe le féinmheas agus féinmhuinín a ardú. Is féidir an Club Óige a úsáid mar uirlis oideachasúil ag na daoine óga agus ag an phobal. Foghlaimíonn na daoine óga ó thaithí sna cláracha dúshlánacha, m.sh. campáil, garchabhair, cócaireachta, ceardaíocht, fánaíocht agus treodóireacht. Tuilleadh samplaí de na gníomaíochtaí agus cláracha tairbheacha ab ea ceardlanna ar Roghanna Stíl Mhaireachtála Sláintiúla, ar a n-áiritear: cothú, sláinteachas, oideachas gnéis, meabhairshláinte dearfach, agus garchabhair. Chuir an rannpháirtiocht sa Chlár Be Active & Healthy ar fáil deiseanna chun forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar stíl mhaireachtála sláintiúil, agus ag an am céanna acmhainní agus scileanna a thabhairt chun foirfeachta. Eolas faighte ar mheabhairshlainte agus ar shaincheisteanna folláine, ag feabhsú forbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchain. Do phobail mhionlaigh agus tuaithe i nDún na nGall, is féidir leis na daoine óga a gcultúr, a gceol agus a n-oidhreacht a chur in iúl. Bunaíodh Club Óige i gcomhar le banna píob áitiúil ar mhaithe le ceol a chomhshnaidhmú le heilimint an chaitheamh aimsire sa Chlub agus bhí cuidiú ar fáil do rannpháirtíocht in imeachtaí ceoil i mBaile Átha Cliath, i dTuaisceart Éireann agus in Albain. Cuirtear rannpháirtíocht ar fáil i ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachasúla do pháistí faoi mhíbhuntáiste. Do pháistí bochta, cuireann an deontas don óige ar fáil comhionannas deise le fáil thairis bacanna airgeadais agus mothúcháin ina mbaile. Bíonn na daoine óga páirteach i dtogra athmhuintearais agus i dturais campála trasteorann, áit a mbíonn siad ag caidreamh le daoine óga ó cheantair eile agus ó chreidimh eile. Bhí cuid den ghrúpa rannpháirteach in Oiliúint Cheannairí Óga ar mhaithe le cuidiú le hoibrithe deonacha fásta. Spreag na gníomaíochtaí imeachtaí amuigh faoi aeir agus d'fheabhsaigh siad sláinte fhisiceach agus meabhairshláinte. De bharr na ngníomhaíochtaí foirne, d'fhoghlaim siad scileanna nua mothúchána, rud a chur lena múinín agus a bhféinmheas. I measc na scileanna eile a d'fhoghlaim siad bhí pleanáil agus eagrúcháin, ag tabhairt tacaíocht do na hoibrithe deonacha, agus a chinntiú gur éirí go maith leis na turais. Fuair na daoine óga an deis labhairt fá shaincheisteanna a bhain le caillteanas agus cumha i dtimpeallacht shábháilte, le comhpháirtithe a d'fhulaing mar a gcéanna. Nuair atá daoine óga ag déileáil go leormhaith lena mbrón, cuireann sé seo ar fáil an bhreis tacaíochta a bheadh de dhíth ar chuid acu.

I measc na mbuntáistí praiticúla de LYCGS do chlubanna/grúpaí, is cinnte go bhfuil an soláthar a chuireann na hoibrithe deonacaha ar fáil an-tábhachtach do sholáthar na seirbhíse; réimse leathan soláthair de ghníomhaíochhtaí de réir téama agus comhcheangail a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar uaillmhianta éagsúla na ndaoine óga; agus go bhfuil sé an-éifeachtach ó thaobh costais agus infreastruchtúr leathan – préideacháideach ar obair dheonach.

**Tionscadail Speisialta don Óige**

Tuairiscí Bliantúla agus Iarratais ar Athnuachaint Maoiniúcháin curtha chuig DCYA, ina measc:

- Clár Daybreak
- Lárionad Eolais Leitir Ceanainn don Ógra
- Tionscadal Forbartha Oideachais don Óige, Baile Dhún na nGall
- Scéim Réigiúnach Foróige d'Fhorbairt an Oíge

**Comhairle na nÓg Dhún na nGall**

# Buaicphointí

## 1 Abbey Vocational School

Abbey Vocational School

## 2 Coláiste Ailigh




Grúpa iomlán ó Choláiste Ailigh le Shane Ó Breacáin agus Micheál Ó Giobúin, Príomhóide

Micheál Mac Suibhne, Conchur Ó Lúadhóg, Ultán Ó Fearail le Múinteoir Eolaíocht Shane Ó Breacáin



## 3 Coláiste na Carraige



Ag glacadh páirt san chomórtas BEO

Foireann Tráth na gCeist san Eolaíocht



## 4 Coláiste Cineál Eoghain




Aire Ruairí Quinn agus daltaí na scoile ag an Comórtas F1

## 5 Coláiste Pobail Cholmcille



Gradam don Tionscadal Glas ar an bhealach go Toraigh.

Siúlóid i dToraí – Sláinte Intinne



## 6 Crana College




Coláiste Cranncha agus gnó Innealtóireachta Inis Eoghain

Cór Coláiste Cranncha ar an stáitse




## 7 Deele College



Coláiste na Daoile le daoine ó Donegal Investment Group

Teicneolaíocht Nua le Coláiste na Daoile



## 8 Errigal College



Coláiste an Earagail agus Banc AIB

Ócáid Masterchef sa scoil



## 9 Finn Valley College




Daltaí ag ócáid Dragon's Den

Páirteach sa Léamh (Read DL 2013)



## 10 Gairmscoil Chú Uladh



Gradam E.T.I.E.M. do Gairmscoil Chú Uladh – Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíon agus Mata

Comenius an Fhionlainn 2013



# Buaicphointí

## 11 Gairmscoil Mhic Diarmada



Gradam Taighde do Gairmscoil Mhic Diarmada

Clár Raidió le Rónan Be oar RnG




## 12 Magh Éne College



Beth, Bronagh agus Roisin ag glacadh páirt i gComórtas don Eolaí Óg

## 13 Moville Community College




Ceoldhráma All Shook Up ar an ardán.

Gníomhaíocht Tiomsaithe Airgid



## 14 Mulroy College




Chloe Bradley – Coláiste na Maoile Ruaidhe

Chloe agus múinteoir Declan Doherty a chuidigh léi leis an tionscadal.



## 15 St. Catherine's Vocational School




Launcháil ar an Bord Oideachais agus Oiliúna

# Buaicphointí

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

## 16 Adult Education



IOA Béal Átha Seanaidh

IOA Gort a'C



## 17 Adult Learner Guidance




Aonach d'Fhoghlaimeoirí Aosaigh 2014

Foireann Seirbhísí Oideachais Aosaigh



## 18 Back to Education (BTEI)




Cuid den fhoireann

## 19 Community Education



Ard Scoil na gCeithre Maistir

Siobhan ag míniú an clár



## 20 Diploma in Drugs & Alcohol Awareness



# Buaicphointí



## 21 Gartan Outdoor Education Centre



Comórtas le haghaidh Sonóg nua do Ionad Ghartáin



## 22 Information Technology




Ionad Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn 2014

Bronnadh Teastais ón ITF



## 23 Learning for Living




Seoladh leabhar leis an Clár Foghlaim don Maireachtáil

COMHOIBRIÚ LE hEAGRAÍOCHTAÍ ÁITIÚIL An Chlár Litearthachta d'Aosaigh (Bord Oideachais agus Oiliúna) agus Coláiste an Earagail.



## 24 Music Education



Ceolchoirm le Apple String i Leitir Ceanainn

Ceolchoirm don AE i mBÁC





Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall

# Buaicphointí

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

## 25 Partnership




Seachtain Gníomhach Spórt

## 26 Vocational Training Opportunities Scheme (VTOS)



Gníomhaíocht tiomsaithe airgid le SDOG

VTOS

## 27 Youthreach



Gradam Dea-chleachtais Sláinte do Cumasóige Leitir Ceanainn

Daltaí ag glacadh páirt i gCleachtas Aisiríoch



# Aguisíní





## 8.1 Aguisín I

### 8.1.1. Baill de Choiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall 2013

**Cathaoirleach** - Clr Jimmy Kavanagh
Mary Ellen Orphen
An Clr Martin Farren
An Clr Dessie Larkin
Francis McDaid,
An Philip McGlynn
An Elizabeth McIntyre

### 8.1.2. Baill d'Fhochoiste Airgeadais Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall

Cathaoirleach An Clr Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr Daithí Alcorn
An Clr Michelle Bradley/Oliver McDevitt
An Clr Michael Grant
An Clr Ian McGarvey
Bernie Mulhern
Alan Thompson/an Clr Brendan Byrne
Shaun Purcell, Oifigeach Príomhfheidhmeannach

### 8.1.3. An Bord Oideachais Aosaigh

| | |
|---|---|
| Chris Darby | Cumann Phríomhoidí na Meánscoileanna |
| Aideen Doherty | An Bord Forbartha Contae (Aonad Pobail agus Fiontair) |
| Anthony Doogan | Cumann na bPríomhoidí & Leas-Phríomhoidí |
| Sinead Gillespie | Ionadaí ó Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |
| Marrietta Herraghty | Ionadaí ó Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |
| Art Mc Grath | Teagasc |
| Patsy Mc Vicar | Aontas na bPobalscoileanna & na Scoileanna Cuimsitheacha |
| Kate Morgan | FRC Baile an Mhóta |
| Martina Needham | Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |
| Alan O'Baoid | Údarás na Gaeltachta |
| Mary O'Malley | FÁS |
| Anita O'Rourke | SIPTU |
| John O'Connell | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Charles Sweeney | Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| Anne Marie Ward | Feirdhmeannas na Seirbhísí Sláinte (Iarthar) |
| | |
| Shaun Purcell | Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |
| Króna Gallagher | Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |
| Dr Martin Gormley | Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |

## 9.2 Aguisín II – Scoileanna/Coláistí/Ionaid

### Scoileanna & Coláistí

Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall
Coláiste Ailigh, Leitir Ceannain (Gaelscoil)
Coláiste Chineál Eoghain (Gaelscoil)
Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)
Coláiste Phobail Scoil Cholmcille, Oileán Thoraí (Gaelscoil & Scoil Oileáin)
Coláiste Cranncha, Bun Cranncha
Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn
Coláiste Gheann Fhinne, Sráth an Urláir
Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir (Gaelscoil)
Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór (Scoil Oileáin)
Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin
Coláiste Pobail Bhun an Phobail
Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach
Gairmscoil Naomh Chaitríona, Na Cealla Beaga

### Ionaid Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil (Youthreach)

Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil – Béal Átha Seanaidh
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil – Bun Cranncha
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh – Baile Dhún na nGall (Droim Chliabh)
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh - Baile Dhún na nGall (Ardscoil na gCeithre Máistir)
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil - Gort a'Choirce
Ionad Oiliúna do Theastálaithe Seanórtha/Ógtheagmháil – Leitir Ceanainn
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh – Leitir Ceanainn
Ionad Ógtheagmhála – Gleann Gad
Ionad Ógtheagmhála - Leifear
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh –Baile na nGallóglach

### 9.3 Aguisín III – Giorrúcháin & Tagairtí Tábhachtacha

| | |
|---|---|
| Tuismitheoir | ag tagairt do Thuismitheoir nó do Chaomhnóir |
| Mac Léinn | ag tagairt do Dhalta/Mac Léinn/Oiliúnaí/Foghlaimeoir |

| | |
|---|---|
| CEO (PF) | An Príomhfheidhmeannach |
| CDB (BFC) | An Bord Forbartha Contae |
| CPD (FLG) | Forbairt Leanúnach Ghairmiúil |
| BTEI (TFO) | An Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| DES (ROS) | An Roinn Oideachas & Scileanna |
| DEIS (SCDS) | Seachadadh ar Chomhionannais Deise i Scoileanna |
| EO (OO) | Oifigeach Oideachais |
| FETAC(CDBOO) | Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais & Oiliúna |
| GCCC | Coiste an Rialtais do Chonarthaí Foirgníochta |
| HACAP | Hawkeye Area Community Action Program, Inc |
| HSE (FSS) | Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte |
| IVEA | Cumann Gairmoideachais na hÉireann |
| JCSP (CSTS) | Clár Scoile don Teastas Sóisearach |
| LCA (ATF) | Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LCVP | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LET | Clár Leárgas |
| LDS | Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna |
| LGBT | An Cumann Leispiach, Aerach, Déghnéasach & Trasinscneach |
| LMESP (SASOC) | Comhpháirtíocht Áitiúil um Sheirbhís Oideachas Ceoil |
| LYIT (ITLC) | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| NBSS (SNTI) | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS (SNSO) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NEWB (BNLO) | An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais |
| NUI | Ollscoil Náisiúnta na hÉireann |
| PLC (CIAT) | An Clár iar-Ardteistiméireachta |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| SDPI | Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile |
| SLSS | An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal |
| SNA (CRS) | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| SPHE | An Clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte |
| STTC (IOTS) | Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha |
| TLT (OTT) | Oiliúnaí Tríú Leibéil |
| TUI | Aontas Mhúinteoirí Éireann |
| ETB | Bord Oideachais & Oiliúna |
| VTOS (SDOG) | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSE (MSU) | Meastóireacht Scoile Uile |

etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*


**Administrative Offices**

Ard O'Donnell
Letterkenny
Co. Donegal

T 074 916 1600
F 074 912 2439
info@donegaletb.ie
www.donegaletb.ie



Tuarascáil Bhliantúil 2013 curtha le céile ag:
Anne McHugh, Jacqui Dillon, an Dr Sandra Buchanan agus Eileen Dennison